An Roinn Talmhaíochta Agus Bia

Ráiteas Straitéise 2005-2007

THE DEPARTMENT OF
AGRICULTURE & FOOD
AN ROINN TALMHAÍOCHTA AGUS BIA

Ráiteas Straitéise 2005-2007

AN ROINN TALMHAÍOCHTA AGUS BIA

RÁITEAS STRAITÉISE 2005-2007

Ráiteas Misin

"Is é ár misean a bheith ar thús cadhnaíochta ag forbairt earnáil iomaíoch agraibhia a bheidh dírithe ar an tomhaltóir, agus ag cur le geilleagar agus sochaí bhríomhar na tuaithe".

Teachtaireacht ón Aire, Máire Ní Chochláin TD

"An té ná gcuireann san Earrach ní bhaineann sé san Fhómhar" agus dá réir sin is mór agamsa an doiciméad fadbhreathnaitheach seo a thíolacadh, arb é an cúigiú Ráiteas Straitéise de chuid na Roinne Talmhaíochta agus Bia é agus an chéad cheann díobh agamsa mar Aire na Roinne seo.

Leagann an Ráiteas Straitéise amach go soiléir na dúshláin, na spriocanna agus na straitéisí ata le comhlíonadh sna chéad trí bliana eile. Is é an toradh é ar bhreithniú mionsonraithe inmheánach, ach ní amháin sin is é an toradh é ar chomhairliúchán forleathan le comhlachtaí stáit agus eagraíochtaí ionadaíocha eile.

Is tréimhse é an tréimhse amach romhainn ina mbeidh dúshláin nua ann do thionscal na talmhaíochta agus ina mbeidh saoirsí nua freisin. Tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfreagródh gach mír san earnáil go dearfach don timpeallacht athraithe seo agus go háirithe go ndíreodh muid ár bhfuinneamh ar a chinntiú go bhfanfaidh an earnáil chun cinn ó thaobh nuálachta agus iomaíochta de. Tá sé sin luaite go hachomair i ráiteas misin na Roinne, a thagraíonn d'fhorbairt a dhéanamh ar "earnáil iomaíoch agraibhia a bheidh dírithe ar an tomhaltóir".

Ar ndóigh aithnímid freisin go bhfuil ról tábhachtach ag talmhaíocht agus foraoiseacht i múnlú na timpeallachta tuaithe agus i dtacú le pobail tuaithe. Is mó atá idirghabhálacha polasaí AE agus náisiúnta ag díriú ar na cuspóirí sin agus tá sé sin léirithe go an-soiléir freisin sa Ráiteas seo.

Tá ról ceannaireachta ríthábhachtach ag an Roinn féin san earnáil agus sin an chúis go bhfuil an Ráiteas Straitéise chomh tábhachtach sin. Díreoidh sé obair fhoireann na Roinne sna trí bliana amach romhainn ar na spriocanna agus straitéisí atá leagtha amach sa doiciméad seo, agus tá siad sin ina seal féin ag teacht leis na tosaíochtaí sa Chlár don Rialtas. Aithníonn an Rialtas go hiomlán tábhacht riachtanach leanúnach na talmhaíochta, foraoiseachta agus an tionscail bia maidir le forbairt na tíre seo. Tá sé sin léirithe i dtéarmaí praiticiúla san infheistíocht leanúnach cistí poiblí i go leor gnéithe den earnáil. Aithníonn an Rialtas freisin tábhacht na Roinne i bhforbairt earnála a fhaigheann méid eisceachtúil tacaíochta ón AE agus ón Státchiste. Táim dóchasach go leanfaidh an Roinn de bheith ag tabhairt tacaíochta agus ceannaireachta den scoth don earnáil sna blianta amach romhainn.

Táim ag tnúth le bheith ag obair leis an Ard-Rúnaí agus le foireann na Roinne, chomh maith leis an geallsealbhóirí eile ar fad, chun an obair thábhachtach seo a chur chun cinn.

Máire Ní Chochláin TD
An tAire Talmhaíochta agus Bia

Mary Coughlan TD
An tAire Talmhaíochta agus Bia



John Browne TD
Aire Stáit

Brendan Smith TD
Aire Stáit

Réamhráiteas ón Ard-Rúnaí, Tom Moran

Tom Moran
Ard-Rúnaí

Leagann sé seo, an cúigiú Ráiteas Straitéise de chuid na Roinne Talmhaíochta agus Bia, amach spriocanna, straitéisí agus tosaíochtaí na Roinne don chéad trí bliana eile.

Is é ár bpríomhthosaíocht i rith na tréimhse sin ná bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar na hathruithe inmheánacha agus seachtracha a mbeidh tionchar acu ar an Roinn. Tá sé i gceist againn iad sin a bhainistiú ar shlí a chinntíonn go dtabharfaimid i gcrích clár oibre forleathan an rialtais agus go leanfaimid de bheith ag comhlíonadh ár dtiomantais dár gcliaint, don phobal i gcoitinne agus don fhoireann.

I measc na n-athruithe is suntasaí tá díchúpláil na n-íocaíochtaí díreacha feirme ó tháirgeadh, polasaí nua forbartha tuaithe an AE, athrú leanúnach sna margaí bia, athchóiriú ar an réim siúcra agus an tAontas Eorpach leathnaithe. D'fhéadfadh tuilleadh tionchair ar thalmhaíocht na hÉireann leanúint as comhaontaithe WTO amach anseo. Is é an dúshlán sa mheántéarma ná bainistiú a dhéanamh ar an timpeallacht seo atá ag síorathrú agus fós fócas a choinneáil ar ár bpolasaí agus ár spriocanna oibríochta agus a chinntiú go mbainfidh an earnáil agraibhia lánbhuntáiste as na deiseanna nua a chuirtear os a comhair.

Tá mórathruithe inmheánacha le baint amach freisin. I rith na mblianta amach romhainn, feidhmeoidh an Roinn mórchlár díláraithe, gluaiseoidh na feidhmeanna sábháilteachta bia go dtí suíomh nua, agus déanfar athstruchtúrú ar fheidhmeanna agus oifigí mar thoradh ar an Scéim Íocaíochtaí Aonair. Cothaíonn gach ceann díobh sin dúshláin shuntasacha daonna, oibríochta agus airgeadais don Roinn.

Cuirfidh sé seo go léir éilimh shuntasacha ar fhoireann na Roinne agus beidh siad páirteach go dlúth i ngach gné de phleanáil agus d'fheidhmiú na n-athruithe sin. Mar a bhí riamh, cinnteoimid go mbeidh na compháirtithe sóisialta go hiomlán ar an eolas agus rannpháirteach go hiomlán.

Níl baol ar bith nach bhfuil mórdhúshlain amach romhainn. Tá deis iontach ann freisin do thuilleadh forbartha a dhéanamh ar earnálacha talmhaíochta agus bia na hÉireann. Creidim trí theaglam de phleanáil chúramach, lena n-áirítear foilsiú an Ráitis seo, agus freagra dearfach agus fuinniúil ó gach a bhfuil bainteach ann, go mbeidh ar chumas na Roinne agus na hearnála agraibhia na gnéithe is deacra de na hathruithe sin a bhainistiú agus fós sochar a bhaint as na deiseanna a chuireann siad ar fáil.

Tom Moran
An tArd-Rúnaí

Clár

Teachtaireacht ón Aire 2

Réamhráiteas ón Ard-Rúnaí 3

Caibidil 1 RÁITEAS MISIN, FÍS, SAINORDÚ, LUACHANNA agus STRUCHTÚR na Roinne 6

1.1 Ráiteas Misin 6
1.2. An Fhís 6
1.3 Sainordú 6
1.4 Luachanna 7
1.5 Foireann agus Struchtúr 8

Caibidil 2 COMHTHÉACS SEACHTRACH 10

2.1 Creat Polasaí an Rialtais 10
2.1.1 An Clár don Rialtas a Fheidhmiú 10
2.1.2 Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn – An Chaibidil Talmhaíochta agus Nuachóiriú na Seirbhíse Poiblí 10

2.2 Creat an AE agus Idirnáisiúnta 10
2.2.1 Athchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta (CAP) 11
2.2.2 Peirspictíocht Airgeadais 11
2.2.3 Rialachán Forbartha Tuaithe an AE 2007-2013 11
2.2.4 Méadú an AE 11
2.2.5 Athchóiriú ar an Réim Siúcra 12
2.2.6 An Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO) agus Trádáil Idirnáisiúnta 12
2.2.7 Comhoibriú Thuaidh/Theas 12

2.3 An Creat Náisiúnta 12
2.3.1 Talmhaíocht agus an Eacnamaíocht i gCoitinne 13
2.3.2 Talmhaíoch gus an Eacnamaíocht Tuaithe 13
2.3.3 Ioncam agus Struchtúr Feirme 13
2.3.4 Foraoiseacht 14

2.4 Tomhaltóirí, Bia, Sábháilteacht Bia agus Ardchaighdeán 14
2.4.1 Na tomhaltóirí i gcroílár ár ngníomhartha 14
2.4.2 An Earnáil Agraibhia agus Eacnamaíocht Eolais 14
2.4.3 Iomaíocht Agraibhia 15
2.4.4 An Tionscal Bia 15
2.4.5 Sábháilteacht agus Ardchaighdeán Bia 15
2.4.6 Lipéadú Bia 16
2.4.7 Seirbhísí Saotharlainne 16
2.4.8 Sláinte agus Leas Ainmhithe 16
2.4.9 Biteicneolaíocht 17

2.5 Talmhaíocht Inbhuanaithe agus an Timpeallacht 17
2.5.1 Soláthar Earraí Poiblí 17
2.5.2 Sochair timpeallachta a thabhairt i gcrích 17

Caibidil 3 AN COMHTHÉACS INMHEÁNACH 19

3.1 Clár Oibre an Nuachóirithe 19
3.1.1 Bainistiú na Roinne 19
3.1.2 Bainistiú Airgeadais 19
3.1.3 Bainistiú Acmhainní Daonna 20
3.1.4 Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT) agus ríomhsheirbhísí an Rialtais 20
3.1.5 Seirbhís do Chustaiméirí 20
3.1.6 Rialacháin níos fearr agus Athchóiriú Rialaithe 22
3.1.7 Straitéis Sonraí 22

Caibidil 4 NA MÓRDHÚSHLÁIN 23

4.1 Talmhaíocht 23
4.2 An Tionscal Bia 23
4.3 Comhthéacs Buiséid an AE 24
4.4 Atheagrú agus Athstruchtúrú 24
4.4.1 Dílárú 25
4.4.2 Athlonnú 25
4.4.3 Tionchar na Scéime Íocaíochta Aonair 25

Caibidil 5 SPRIOCANNA, STRAITÉISÍ agus TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA 27

Sprioc 1 Forbairt agus Trádáil Agraibhia i gCreat Náisiúnta agus Idirnáisiúnta 28
Sprioc 2 Sábháitleacht Bia, Sláinte agus Leas Ainmhithe, Sláinte Plandaí. 30
Sprioc 3 An Eacnamaíocht agus an Timpeallacht Tuaithe 32
Sprioc 4 Seachadadh Scéimeanna agus Bainistiú Airgeadais 34
Sprioc 5 Cumais Oibríochtúla agus Clár Oibre an Nuachóirithe 36

Caibidil 6 PRÍOMHNAISC 38

6.1 Naisc Oireachtais agus Rialtais 38
6.2 Naisc Instidiúideacha AE 38
6.3. Naisc Idirnáisiúnta 38
6.4. Naisc Tras-Rannacha 38
6.5. Comhlachtaí Stáit 39
6.6. Caidreamh Thuaidh/Theas 39
6.7. Saincheisteanna Trasfheidhmeacha 39
Tábla de na príomhnaisc tras-rannacha 40

Caibidil 7 MONATÓIREACHT agus TUAIRISCIÚ ar FHEIDHMIÚ 45

Iarscríbhinní 46

Iarscríbhinn 1: Cairt Eagraíochta 46
Iarscríbhinn 2: An Clár do Thiomantais Rialtais 47
Iarscríbhinn 3: Liosta de Ghiorrúcháin 52
Iarscríbhinn 4: Comhaltaí MAC 54

Caibidil 1: Ráiteas Misin, Fís, Sainordú, Luachanna, Foireann agus Struchtúr na Roinne

1.1. Ráiteas Misin

Is é an Misean atá againn

"Is é ár misean a bheith ar thús cadhnaíochta ag forbairt earnáil iomaíoch agraibhia a bheidh dírithe ar an tomhaltóir, agus ag cur le geilleagar agus sochaí bhríomhar na tuaithe."

Aithníonn múnla talmhaíochta na hEorpa, a bhfuilimid mar chuid de, na naisc idir an earnáil agraibhia, éagsúlacht, sábháilteacht agus ardchaighdeán tháirgeadh bia, an eacnamaíocht tuaithe agus cosaint na timpeallachta. Mar thoradh air sin tugaimid aghaidh ar réimse leathan saincheisteanna, lena n-áirítear sábháilteacht agus ardchaighdeán bia, éilimh na dtomhaltóirí, iomaíocht san earnáil agraibhia, sláinte agus leas ainmhithe, an eacnamaíocht tuaithe agus bainistiú comhshaoil.

Áirítear an earnáil agraibhia talmhaíocht phríomhúil, foraoiseacht agus an earnáil bia agus dí. Is príomhthionscal dúchasach in Éirinn an earnáil sin agus is ionann é faoi láthair agus beagnach 8.5% den GDP agus 8% d'onnmhairithe agus is ionann an líon daoine atá fostaithe sa réimse seo (166,000) agus 9% den fhostaíocht iomlán. Tá 16,000 duine eile fostaithe san earnáil foraoiseachta agus meastar aschur na hearnála sin a bheith faoi láthair ag 763m in aghaidh na bliana. Is é an toradh atá ar ár leibhéal ard féindhóthanachta i dtráchtearraí talmhaíochta, i dteannta leis an líon beag allmhairithe agus na leibhéil ísle d'athdhúichiú brabúis ná gur ionann an earnáil agraibhia agus thart ar an cúigiú cuid de ghlan-insreabhadh cistí ó thrádáil mharsanachta.

1.2. An Fhís

Is í an fhís atá againn ná earnáil agraibhia a bheith ann:

- a sholáthraíonn bia sábháilte ar ardchaighdeán do thomhaltóirí ar mhargadh an bhaile agus ar an margadh onnmhairithe.
- atá brabúsach, iomaíoch go hidirnáisiúnta, nuálach agus inbhuanaithe.
- a chuireann forbairt eacnamaíocht na tuaithe chun cinn a chothaíonn an líon uasta teaghlaigh feirme agus líonta tí tuaithe agus a chuireann ar chumas na ndaoine a bhíonn i mbun na hearnála seo a bheith rannpháirteach go hiomlán san fhorbairt ghinearálta eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha.
- a oibríonn ar shlí a bhíonn ag comhréiteach le timpeallacht agus taobh tíre atá ilghnéitheach go bitheolaíoch de.

1.3. Sainordú

Tá an sainordú atá againn, a bhfuil bonn taca ag caiteachas bliantúil de 3 billiún leis, leagtha amach go mion sna Spriocanna agus Straitéisí i gCaibidil 5. I gcomhlíonadh an tsainordaithe sin, déanann an Roinn réimse forleathan feidhmeanna lena n-áirítear:

- Forbairt ar pholasaí náisiúnta don earnáil agraibhia.
- Feidhmiú ar réimse rialuithe agus monatóireachta chun sábháilteacht bia a chinntiú mar aon le déanamh de réir na gcaighdeán náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta, lena n-áirítar an Conradh Seirbhíse atá comhaontaithe le Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI).
- Tacú le forbairt inbhuanaithe foraoiseachta
- Forbairt agus feidhmiú os cionn 200 scéim agus beart náisiúnta agus AE a thacaíonn leis an earnáil agraibhia, le pobail tuaithe agus le timpeallacht tuaithe inbhuanaithe.
- Córais éifeachtacha bainistithe airgeadais, bainistithe rioscaí agus rialuithe oibríochtúla a chothabháil.
- An líon cásanna de ghalair ainmhithe a rialú agus a laghdú, ag tacú le caighdeáin arda leasa ainmhithe agus sláinte plandaí.
- Ionadaíocht ag caibidlíochtaí idirnáisiúnta, AE agus náisiúnta
- Idirchaidreamh le raon comhlachtaí Stáit agus tráchtála a dhéanann rialáil agus forbairt ar an tionscail, gníomhaíochtaí tráchtála, forbairt an mhargaidh, cur chun cinn agus taighde, oiliúint agus comhairle.

1.3.1. Faisnéis dár Sainordú

Áirítear ar chuid de na doiciméid straitéiseacha is déanaí a dhéanann difear d'fheidhmiú ár sainordaithe amach anseo:

An Clár don Rialtas

An Plean Forbartha Náisiúnta

Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn

Pleananna Gníomhaíochta na Roinne faoi Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn

Tuarascáil Agraifhís 2015

Páipéar Bán 2004 – "Rialú níos fearr a dhéanamh"

An Straitéis Náisiúnta Frith-Bhochtaine

An Straitéis Faisnéise Cumarsáide (ICT)

Plean Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaiméirí 2005-2007

Athbhreithniú agus Breithmheas ar Straitéis Forbartha Foraoiseachta na hÉireann (Tuarascáil Bacon)

An Straitéis Acmhainní Daonna,

An Gníomh Sábháilteachta Bia – An Biashlabhra Sábháilte

An Todhchaí a Chinntiú – Straitéis d'Fhorbairt Tuaithe in Éirinn.

1.4. Luachanna

Agus ar misean agus ár sainordú á gcomhlíonadh againn leanaimid croíluachanna na hearnála poiblí mar seo a leanas:

- Ár n-iompar a bheith eiticiúil, cothrom, neamhchlaon agus meas a bheith againn ar cheartas sóisialta, comhionannas sóisialta agus uilechuimsitheacht shóisialta.
- A bheith dícheallach, dúthrachtach agus críochnúil.
- Feidhmiú ag na caighdeáin is airde éifeachtachta, sár-chleachtais agus dea-rialála
- A bheith oscailte agus cuntasach agus a aithint go mbímid ag fónamh do mhuintir na tíre.
- Comhpháirtíocht a chur chun cinn trí chomhchomhairle lenár bhfoireann agus lenár gcustaiméirí go léir, agus meas a bheith againn orthu.

1.5. Foireann agus Struchtúr na Roinne

An Fhoireann

Is 4,800 an líon foirne atá againn faoi láthair. Mar sin féin, tá os cionn 650 den fhoireann sin ag roinnt poist agus is ionann sin agus 4,530 post lánaimseartha.

Tá sraith scileanna an-ilghnéitheach agus leathan ag an Roinn. Tá sí sin comhdhéanta de thart ar 2,750 san fhoirean riaracháin, 1120 san fhoireann theicniúil, 560 san fhoireann tréidliachta, taighde, saotharlainne agus speisialtachta, 250 san fhoireann chigireachta agus 120 san fhoireann seirbhíse. Tá os cionn 80 grád a bhaineann lenár líon foirne lena n-áirítear foireann le scileanna forleathana riaracháin agus bainistíochta chomh maith le daoine a bhfuil scileanna níos speisialta acu, m.sh. Tréidlianna, Talmhaithe, Eolaithe Bia agus Comhshaoil, Eacnamaithe, Cuntasóirí, Foraoiseoirí, Éiceolaithe, Seandálaithe, Saineolaithe Dlí, Innealtóirí, Ailtirí, Tocsaineolaithe, Teicneolaithe, etc.

Léiríonn an ilghnéitheacht seo an réimse gníomhaíochtaí a dhéanann an Roinn chun tacú lena sainordú ó thaobh tháirgeadh agus shábháilteacht bia, eacnamaíocht tuaithe, tacaíocht airgeadais agus polasaí do chustaiméirí agus do thrádálaithe, cosaint don chomhshaol agus rialachas corparáideach.

Struchtúr

Chun comhordú na réimsí gaolmhara oibre a éascú, tá feidhmeanna na Roinne struchtúrtha timpeall ar 4 phríomhGhrúpa i.e. Polasaí; Sábháilteacht Bia & Ardchaighdeán Táirgíochta; Íocaíochtaí Talmhaíochta agus Forbairt Chorparáideach. Is mar seo a leanas atá an líon post i ngach grúpa:

Polasaí	210
Sábháilteacht agus Táirgeadh Bia	2200
Íocaíochtaí Talmhaíochta	1500
Forbairt Chorparáideach	630

Tá na Grúpaí sin foroinnte tuilleadh ina nAonaid faoi cheannas Chomhalta den Choiste Bainistíochta. Tá eagra-ghram mionsonraithe leagtha amach in Iarscríbhinn 1. Éascaíonn an struchtúr seo comhordú a dhéanamh ar réimsí oibre gaolmhara, atá tábhachtach mar go dtrasnaíonn go leor saincheisteanna a thagann chun cinn na réimsí feidhme éagsúla agus éilíonn siad comhordú ar fud na Roinne.

Dáileadh Geografach na hOibre

Déanann an fhoireann a gcuid feidhmeanna ó shuímh éagsúla ar fud na tíre, féach an léarscáil thall. I láthair na huaire tá thart ar 75% den fhoireann suite lasmuigh de limistéar Bhaile Átha Cliath. Tá impleachtaí aige seo don leibhéal agus don chineál seachadadh seirbhíse chuig ár gcliaint tuaithe agus dár straitéisí bainistíochta, faisnéise agus cumarsáide.

Sna blianta amach romhainn, athróidh ár ndáileadh geografach tuilleadh mar

- go bhfuil an fhoireann a bhíonn ag déileáil le feidhmeanna sábháilteachta bia á n-athlonnú go Bacastún, Co. Chill Dara,
- go bhfuil an clár díláraithe ag dul chun cinn,
- go bhfuil athruithe eagraíochtúla iarmharacha á ndéanamh chun fónamh don Scéim Íocaíochta Feirme Aonair agus
- go bhfuil oibríochtaí ag comhdhlúthú chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus seachadadh seirbhíse.

Main Department Offices
Local Offices
Laboratories & Field Staions
Letterkenny
Raphoe
Donegal
Sligo
Monaghan
Ballina
Ballybay
Carrick
On Shannon
CAVAN
Dundalk
CASTLEBAR
Castlerea
Longford
Drogheda
Claremorris
Navan
Tuam
Roscommon
Mullingar
Athlone
Abbotstown
Galway
Back
Weston
DUBLIN
Tullamore
Maynooth
Tallaght
Loughrea
Naas
Kildare
Wicklow
PORTLAOISE
Ennis
Nenagh
Carlow
Knockalisheen
Limerick
Thurles
Kilkenny
Tipperary
Enniscorthy
Clonmel
Waterford
JOHNSTOWN
CASTLE
Tralee
Mallow
Dungarvan
Killarney
Cork
Midleton
Clonakilty

Caibidil 2 An Comhthéacs Seachtrach

2.1 Creat Polasaí an Rialtais

2.1.1 An Clár don Rialtas a Fheidhmiú

Tá an comhthéacs riaracháin in n-oibríonn an Roinn faoi réir ag athrú leanúnach. Is é an príomhthreallús sa chlár oibre don athrú seo ná an Clár don Rialtas. Dár réir sin, is fócas sainiúil de chuid an Aire, na nAirí Stáit agus na bainistíochta sinsearaí a chinntiú go gcomhlíontar na geallúintí atá sa Chlár don Rialtas. Tá go leor dul chun cinn déanta sa réimse seo. Léiríonn Iarscríbhinn 2 an tslí a bhfuil na geallúintí sin comhlíonta agus an tslí a bhfuil siad á bhforbairt tuilleadh ar bhonn leanúnach.

2.1.2 Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn

An Chaibidil Talmhaíochta

Leanann an próiseas Comhpháirtíochta de bheith ag cruthú gur feithicil éifeachtach é chun dul chun cinn eacnamaíoch a bhaint amach. Tar éis comhráite leis na compháirtíthe sóisialta, ghlac an Piléar Talmhaíochta le téarmaí Ag Coineáil an Dul Chun Cinn lena n-áirítear an Chaibidil Talmhaíochta. Forluíonn na tiomantais a rinneadh faoin gCaibidil Talmhaíochta in Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn méid suntasach leis na tiomantais atá sa Chlár don Rialtas agus tá an dul chun cinn ar fheidhmiú na dtiomantas sa réimse sin leagtha amach in Iarscríbhinn 2.

Nuachóiriú na Seirbhíse Poiblí

Tá ceithre thuarascáil curtha ar fáil ag an Roinn do Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse (CSPVG) ag tabhairt achoimre ar an dul chun cinn atá déanta ar sheirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a sheachadadh agus ar chlár oibre an nuachóirithe. Fuaireamar aiseolas fabhrach ar ais ar scóip agus ar ardchaghdeán an dul chun cinn ata déanta go dtí seo. Tá an clár oibre nuachóirithe iomlán á chur chun cinn go gníomhach ag an Roinn, féach Caibidil 3 a leanas.

Tiomantais Chreat Polasaí an Rialtais

Déanaimid

- Leanúint ar aghaidh le feidhmiú na dtiomantas atá in
  - An Clár don Rialtas
  - An Comhaontú maidir le Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn
- Comhaontú nua a shocrú leis an bpiléar feirmeoireachta i gcomhthéacs chomhaontú lárnach comhpháirtíochta

2.2 Creat an AE agus Idirnáisiúnta

Tá athruithe suntasacha tagtha ar chreat polasaí an AE ina n-oibríonn talmhaíocht na hÉireann agus an Roinn le blianta beaga anuas agus beidh dúshláin mhóra amach romhainn sa todhchaí.

2.2.1 Athchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta (CAP)

Thug Athbhreithniú lár-téarma an CAP, a tugadh chun críche i Meitheamh 2003, isteach an t-athchóiriú is suntasaí ó bunaíodh é. D'athraigh an Comhaontú a shocraigh Comhairle na nAirí i Lucsamburg i Meitheamh 2003 chun an nasc idir íocaíochtaí díreacha agus táirgeadh (déchúpláil) a bhriseadh nádúr bunúsach na dtacaíochtaí AE don earnáil feirmeoireachta. Léirigh an Comhaontú sin toradh rathúil don Roinn a bhí i gComhaontú Lucsamburg 2003 mar gur bhain sé amach a cuid cuspóirí ioncaim feirme a chosaint, na gnóthachain a baineadh amach i gComhaontú Chlár Oibre 2000 a chaomhnú agus an leibhéal is fearr a d'fhéadfaí de thacaíocht agus de chreat forbartha don earnáil a dhaingniú.

Is é an éifeacht fhoriomlán a bheidh ag Comhaontú Lucsamburg ná gurb é an margadh, seachas teidil phréimhíocaíochtaí, a imreoidh tionchar ar tháirgeadh ag leibhéal feirme. Is tráth mórathraithe agus comhdhlúthaithe a bheidh sa tréimhse atá amach romhainn. Beidh dreach na feirmeoireachta amach romhainn, cuid mhór, á chinneadh ag cumas na hearnála agus na Roinne an t-athrú seo a bhainistiú agus gníomhú go héifeachtach mar fhreagra ar dhúshláin an mhargaidh.

2.2.2 Peirspictíocht Airgeadais

Le blianta beaga anuas, bhí buiséad talmhaíochta an AE ina ábhar do shraith creataí airgeadais meántéarmacha (ar a dtugtar peispictíochtaí airgeadais), leagann siad sin síos na teorainneacha caiteachais ilbhliantúla. I 2004, leag an Coimisiún Eorpach amach a mholtaí do threo polasaí an AE don todhchaí agus na hacmhainní airgeadais atá riachtanach lena bhaint amach. Tá comhráite ar siúl faoi láthair ar mholtaí an Choimisiúin don chéad Pheirspictíocht Airgeadais eile 2007-2013. Tá an uasteorainn don tacaíocht margaidh CAP agus an caiteachas íocaíochta dírí le bheith bunaithe ar Chomhaontú na Bruiséile 2002 móide foráil do na costais bhreise d'aontachas na Builgéire agus na Rómáine. Is ann i gcónaí do cheisteanna lárnacha ar an leibhéal maoinithe d'fhorbairt tuaithe (féach thíos). Is é ár gcuspóir ná a chinntiú go mbíonn maoiniú dóthanach ar fáil chun leanúint de CAP agus i gcomhair bearta forbartha tuaithe.

Tá rochtain ar an maoiniú atá riachtanach lárnach chun aon sprioc polasaí a bhaint amach. Tá an uasteorainn atá beartaithe do Bhuiséad iomlán an AE (talmhaíocht san áireamh) bunaithe ar ranníoc na mBallstát i láthair na huaire de 1.24% den Ollioncam Náisiúnta (GNI). Léirigh roinnt Ballstát le gairid an tuairim gur chóir ranníocaí náisiúnta chuig Buiséad an AE a laghdú go dtí 1% den GNI ó 2007. Ghearrfadh aon laghdú substaintiúil i maoiniú foriomlán buiséid siar an scóip agus an tsolúbthacht polasaí a bheadh ar fáil d'Éirinn agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar an earnáil agraibhia.

2.2.3 Rialachán Forbartha Tuaithe an AE 2007-2013

Tá caibidlíochtaí ar siúl maidir le Rialachán Forbartha Tuaithe AE nua do 2007 – 2013 ag tráth fhoilsiú an Ráitis seo. Leagann an dréachtRialachán amach na bearta a bheidh incháilithe do mhaoiniú faoin "dara piléar den CAP", atá go seasta ag fáil níos tábhachtaí. Tá réimse freagrachta an-leathan ag an bpiléar forbartha tuaithe, mar a thuigtear i bpolasaí AE é, agus clúdaíonn sé cuid dár scéimeanna is mó lena n-áirítear REPS, foraoiseacht, limistéir thearc fhabhracha, bainistiú chothuithe feirme, infheistíochtaí ar an bhfeirm, luathscor agus cabhair suiteála d'fheirmeoirí óga. Faoin dréachtRialachán, tá na bearta sin dírithe isteach ar dhá chuspóir: iomaíocht na hearnála talmhaíochta a mhéadú trí thacaíocht a thabhairt d'athstruchtúrú, agus an comhshaol agus an taobh tíre a fheabhsú trí thacaíocht a thabhairt do bhainistiú talún.

Beidh tionchar mór ag toradh na gcaibidlíochtaí sin ar pholasaí agus oibríochtaí na Roinne sna blianta amach romhainn. Is é an cuspóir a bheidh againn ná creat polasaí AE a bhaint amach a chinnteoidh an tsolúbthacht agus an maoiniú atá riachtanach chun na bearta a oibriú go cuí i gcoinníollacha Éireannacha.

2.2.4 Méadú an AE

Chuaigh deich mBallstát nua isteach san Aontas an 1 Bealtaine 2004 agus tugadh an chaibidlíocht ar théarmaí aontachais talmhaíochta na Bulgáire agus na Rómáine chun críche i rith Uachtaránacht na hÉireann. Tá ról

tábhachtach ag an Talmhaíocht, go heacnamúil, go sóisialta agus go polaitiúil, i ngach ceann de na Ballstáit Nua (NMS). Léiríonn méadú go dtí Aontas de 25 Ballstát méadú san fhairsinge talmhaíochta de 29% agus méadú 74% ar an líon feirmeacha chomh maith le héagsúlacht níos forleithne i gcoinníollacha agus i bpatrúin táirgíochta. Cruthaíonn lánpháirtiú iomlán na NMS isteach i margadh aonair de 481 milliún tomhaltóir dúshláin agus deiseanna. Is iad na deiseanna atá ann ná margaí nua a fhorbairt agus a sholáthar cé go dtagann dúshláin chun cinn ó iomaíocht mhéadaithe allmhairithe agus ó éilimh ar chistí AE go háirithe cistí forbartha tuaithe.

2.2.5. Athchóiriú ar an Réim Siúcra

Leanfaidh an Roinn de bheith i mbun cainteanna ag leibhéal an AE ar mholtaí an Choimisiúin d'athchóiriú ar réim siúcra an AE. Bheadh éifeachtaí fadréimseacha ag na moltaí sin, má ghlactar leo, ar tháirgeadh biatas siúcra san Eoraip agus in Éirinn. Is é seasamh na Roinne ná moltaí an AE a mhodhnú chun leanúnachas tionscal éifeachtach siúcra in Éirinn a chinntiú.

2.2.6 An Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO) agus Trádáil Idirnáisiúnta

Chosain creat-chomhaontú an WTO a tugadh chun críche i mí Iúil 2004 sochair athchóirithe an Chomhbheartais Talmhaíochta roimhe sin. Táthar i mbun cainteanna ar bhabhta WTO nua agus is é an cuspóir a bheidh ann ná toradh ar chainteanna a fháil a thabharfaidh aghaidh ar ábhair áirithe imní de chuid na hÉireann i ndáil le laghduithe ar na leibhéil tacaíochta baile, deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais onnmhairithe agus níos tábhachtaí fós athruithe i rochtain ar mhargadh.

2.2.7. Comhoibriú Thuaidh-Theas

Coimeádfar an leibhéal láidir comhoibrithe leis an Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe i dTuaisceart Éireann. Tá roinnt tionscnamh talmhaíochta curtha chun cinn agus leanfar de bheith á gcur chun cinn i rith na tréimhse 2005-2007, i.e.

- Forbairt ar Straitéis Sláinte Ainmhithe Uile-Oileánda.
- Forbairt ar Straitéis Taighde agus Sláinte Plandaí Uile-Oileánda, lena n-áirítear comhoibriú idir an dá dhlínse i ndáil le forbairt ar chomhphrótacail ar tháirgí cosanta plandaí agus ar thástáil cineálacha bairr do losraí, gránaigh agu s min bhuí.
- Idirchaidreamh ar shaincheisteanna ag eascairt as WTO, caibidlíocht ar mhéadú an AE agus feidhmiú an athbhreithnithe lár-téarma ar an CAP.

Tiomantais Chreat an AE agus Idirnáisiúnta

Déanaimid ár ndícheall iad seo a leanas a bhaint amach

- tátal sásúil maidir leis na leithdháiltí buiséid don CAP.
- toradh inghlactha ar an Rialachán Forbartha Tuaithe 2007-2013
- cuspóirí polasaí náisiúnta ag WTO
- pacáiste achóirithe sásúil a shocrú don réim siúcra

2.3 An Creat Náisiúnta

Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Eacnamaíocht

Tá ráta fás eacnamaíochta na hÉireann ag leanúint de bheith níos mó ná meán an AE agus tá an chosúlacht do na blianta amach romhainn dearfach. Tá an fórsa saothair méadaithe go mór le blianta beaga anuas, i bpáirt mar

thoradh ar an insreabhadh d'eisimircigh atá ag filleadh agus inimirce agus rannpháirtíocht mhéadaithe na mban (49.4%) sa mhargadh saothair. Tá dífhostaíocht íseal agus tá sé faoin meán don AE.

2.3.1 Talmhaíocht agus an Eacnamaíocht i gCoitinne

I láthair na huaire is ionann feirmeoirí agus 6% den fhórsa saothair. Is ionann an talmhaíocht phríomha inti féin that ar 3% den GDP. Nuair a chuirtear fostaíocht in ionchuir, próiseáil agus margaíocht san áireamh, is ionann an earnáil agraibhia agus os cionn 9% den fhostaíocht. Is ionann an earnáil agraibhia agus thart ar 9% den GDP. Leis an gcúlra sin, tá sé ríthabhachtach go mbíonn na straitéisí agus na polasaithe náisiúnta a leantar i gcomhréir leis na hábhair lárnacha imní ó dhearcadh talmhaíochta de, eadhon, an méid uasta líonta tí feirme a choimeád san eacnamaíocht tuaithe agus a chinntiú gur féidir leis na líonta tí sin a bheith ag súil le slí bheatha tharraingteach agus inmharthana.

Tá claonadh soiléir ann go bhfuil níos mó teaghlaigh feirme ag roghnú fiontar feirme a rith i dteannta le slí bheatha eile. Tá dhá príomhfhachtóir taobh thiar den treocht sin. Is é an chéad cheann nach féidir gnó feirme a leathnú i gcomhthéacs na réimeanna cuótaí agus ganntan talún ag teacht ar an margadh. Is é an dara ceann ná níos mó fáil a bheith ar fhostaíocht den fheirm mar thoradh ar thimpeallacht eacnamaíochta feabhsaithe. I 2002, léirigh 58% d'fheirmeoirí gurbh í an fheirmeoireacht an t-aon slí bheatha a bhí acu i gcomparáid le 74% i 1991. Ag meabhrú na n-athruithe sin, meastar go dtagann beagnach 60% d'ioncam líonta tí feirme anois ó fhoinsí den fheirm. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an t-ioncam iomlán atá á shaothrú ag líonta tí feirme ag brath chomh mór céanna ar chúinsí eacnamaíochta i gcoitinne agus atá siad ag brath ar choinníollacha an mhargaidh do tháirgí feirme.

2.3.2 Talmhaíocht agus an Eacnamaíocht Tuaithe

Leanfaidh an talmhaíocht de ról suntasach a bheith aici i bhforbairt an chláir oibre forbartha tuaithe in Éirinn. Tá ról na Roinne spriocdhírithe go príomha ar bhearta an-suntasacha a oibríonn sí faoi théarmaí Rialachán Forbartha Tuaithe an AE. Áirítear orthu sin an Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe, Foraoiseacht, Liúntais Chúitimh do Cheantair faoi Mhíbhuntáiste, an Scéim Luathscoir agus scéimeanna um bainistiú cothaithe feirme. Déileálann Ranna eile, go háirithe an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, le gnéithe eile den fhorbairt tuaithe. Oibríonn an Roinn go dlúth leis na gníomhaireachtaí eile sin i ndéanamh chlár oibre forbartha tuaithe foriomlán an Rialtais.

Ní athraíonn forbairt dea-thuairiscithe gheilleagar na hÉireann chomh maith le inneach athraitheach ár sochaí an fhíric go bhfuil an talmhaíocht ina cnámh droma d'eacnamaíocht na tuaithe. Mar sin féin, i bhfreagairt don timpeallacht athraithe, caithfidh an polasaí forbartha tuaithe aghaidh a thabhairt ar na dúshláin idirghaolmhara atá romhainn sna réimsí eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil. Beidh an fáil atá ar dheiseanna fostaíochta agus soláthar earraí agus seirbhísí (bonneagar san áireamh) chomh maith le hiomaíochas agraibhia ina gcinntithe lárnacha freisin i bhforbairt eacnamaíoch na tuaithe.

2.3.3 Ioncam agus Struchtúr Feirme

Is ceist lárnach é an leibeal ioncam feirme do straitéis na Roinne chun an t-uaslíon líonta tí feirme (130,000 faoi láthair) a chothabháil san eacnamaíocht tuaithe agus a n-inmharthanacht eacnamaíochta a chinntiú. Ceann de na croímhodhanna chun na cuspóirí sin a bhaint amach ná trí thacaíocht dhíreach ioncaim. Tacaíonn an Roinn le hioncaim feirme trí thacaíochtaí margaidh agus íocaíochtaí díreacha agus i 2004 b'ionann íocaíochtaí díreacha de 1.64 billiún agus 75% den ioncam feirme comhiomlán. Chomh maith leis sin, léirigh an anailís a rinne FAPRI-Ireland go bhfeabhsódh díchúpláil ioncaim feirme agus b'fhachtóir chinntitheach a bhí ann i gcinneadh an Aire díchúpláil iomlán a roghnú seachas díchúpláil pháirteach.

Faoi mar atá an cás i bhformhór na n-eacnamaíochtaí forbartha, leanfaidh struchtúr feirmeoireachta na hÉireann de bheith ag athrú sna deich mbliana amach romhainn. Meastar go laghdóidh an líon feirmeoirí lánaimseartha ach go méadóidh an líon feirmeoirí páirtaimseartha. Is é polasaí na Roinne ná an líon is mó teaghlaigh feirme agus is féidir a chothabháil tríd an earnáil agraibhia a fhorbairt ar shlí a éascaíonn roghanna inmharthana feirmeoireachta lánaimseartha agus páirtaimseartha. Éascaítear athruithe struchtúrtha trí scéimeanna infheistíochta ar an bhfeirm, an scéim do Luath-Scor ó Fheirmeoireacht agus scéimeanna léasa.

2.3.4 Foraoiseacht

I láthair na huaire, tá thart ar an deichiú cuid den fhairsinge talún náisiúnta faoi fhoraois agus déanann Coillte bainistiú ar 56% de. Is 33% é an meán san AE. Is é aidhm straitéis an Rialtais ná an leibhéal foraoiseachta a mhéadú go dtí 17% den fhairsinge talún náisiúnta faoi 2035. Meastar gurb é sin an leibhéal foraoiseachta atá riachtanach chun earnáil foraoiseachta inmharthana agus inbhuanaithe a chruthú. Tá os cionn 14,000 feirmeoir anois rannpháirteach i bhforaoiseacht agus is í an earnáil phríobháideach a dhéanann beagnach gach plandáil foraoiseachta nua. Sa chomhthéacs sin, feiceann an Roinn an fhoraoiseacht mar shlí chun úsáid mhalartach inmharthana talún a chur ar fáil agus deiseanna fíora a thabhairt d'fheirmeoirí ar mian leo cor nua a chur ina slí bheatha.

Chuir an staidéar a rinne Peter Bacon & Associates i 2004 go mór leis an díospóireacht ar thodhchaí na pleanála náisiúnta foraoiseachta. Is é an dúshlán atá roimh an Roinn agus an tionscal ná forbairt a dhéanamh ar earnáil foraoiseachta inbhuanaithe ar scála a bheidh in ann a bheith iomaíocht go hidirnáisiúnta agus freisin an leibhéal plandála reatha a chothú agus a fheabhsú i gcomhthéacs na gcaibidlíochtaí reatha ar Rialachán Forbartha Tuaithe AE nua. Tá sé beartaithe doiciméad polasaí cuimsitheach a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Rialtais i 2005 tar éis comhaontú a bheith ann ar an Rialachán seo.

2.4 Tomhaltóirí, Bia, Sábháilteacht agus Ardchaighdeán Bia

2.4.1 Na tomhaltóirí i gCroílár ár nGníomhartha

Tá cosaint sláinte ár dtomhaltóirí i gcroílár an pholasaí talmhaíochta agus bia. Tá tionchar mór anois ar na tomhaltóirí ag imní faoi shláinte. Caithfidh an polasaí bia aird mhéadaithe na domhaltóirí ar ardchaighdeán, fiúntas bia-eolaíoch agus fiúntas cothaitheach an bhia a chaitear a aithint agus caithfidh sé déileail leis an aird sin. Tá gá le cur chuige fócasaithe ag an tionscal agus ag an earnáil phoiblí araon chun dul i ngleic leis na dúshláin taighde agus margaíochta atá amach romhainn. Tá sé sin riachtanach lena chinntiú go mbeidh earnáil agraibhia na hÉireann i riocht táirgí nuálacha agus iomaíocha a fhorbairt, go háirithe táirgí ina bhfuil mír shainiúil sláinte agus chothaitheach san áit a bhfuil spéis mhéadaithe tomhaltóra ann.

Tá dearcadh láidir ar phraghas agus luach ag tomhaltóirí. Tá Painéal Idirchaidrimh Tomhaltóra i mbun oibríochta sa Roinn le roinnt blianta agus tá sé comhdhéanta d'ionadaithe ón gcumann tomhaltóirí, trádáil miondíola, an Earnáil Phobail agus Dheonach, ICA agus ICTU. Is é an ról atá aige ná cumarsáid a neartú idir an tomhaltóir agus an Roinn agus idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn ar shaincheisteanna a dhéanann difear do thomhaltóirí. Ar shaincheisteanna a bhfuil athbhreithniú déanta ag an bpainéal seo orthu tá lipéadú bia, BSE agus inriantacht táirgí. Is éard atá i gceist le mórthionscadal atá idir lámha faoi láthair ná anailís a dhéanamh ar sciar phraghas príomhbhianna atá inchurtha le staideanna difriúla den bhiashlabhra. Tá tionchar ag an taighde agus na hathbhreithnithe atá stiúrtha ag an bpainéal idirchaidrimh tomhaltóirí, agus thar ceann an phainéil idirchaidrimh tomhaltóirí, ar obair na Roinne.

2.4.2 An Earnáil Agraibhia agus Eacnamaíocht Eolais

Is bonn riachtanach chun iomaíochas a chothabháil agus chun Éire a fhoirbairt mar eacnamaíocht eolasbhunaithe é infheistíocht bhuan i dtaighde agus i bhforbairt. Caithfidh taighde bia a bheidh dírithe ar shláinte agus folláine an tomhaltóra a bheith ina thosaíocht. Ina leith sin, tá ról lárnach ag an earnáil eagrabhia i bhforbairt na heacnamaíochta eolasbhunaithe seo trína cumas táirgí nuálacha a fhorbairt a thabharfaidh aghaidh ar an ngá atá le bia sábháilte, ardchaighdeáin a léiríonn treochtaí reatha na dtomhaltóirí. Tacaíonn an Roinn, trína croímhaoiniú do Teagasc agus trí oibriú an Bhirt Taighde Institiúideach Bia (FIRM) agus an Chiste um Spreagadh Taighde, le forbairt an bhunachair eolais eolaíochta atá riachtanach mar bhonn taca don tionscadal.

Cuireann an FIRM maoiniú suntasach ar fáil do thaighde in ardchaighdeán agus sábháilteacht bia. Tá comhpháirtíochtaí idirinstitiúideacha spreagtha ag an taighde sin arb é an toradh atá orthu go dtugtar aitheantas do lárionaid den scoth, ta forbairt táirgí agus próisis éascaithe aige agus tá sé ag soláthar moll toghde céimíthe don

tionscal. I leanúint na spriocanna atá leagtha amach i "bPlean Gníomhaíochta na hÉireann chun Infheistíocht i dTaighde agus Forbairt a Chur Chun Cinn go dtí 2010", tá tosaíochtaí taighde na Roinne don todhchaí i nuáil/ forbairt táirgí i mbia feidhmiúil, probhitheach agus nútraiceodach, i sábháilteacht bhia agus cothú chomh maith le forbairt theicneolaíoch i réimsí biteicneolaíochta.

2.4.3 Iomaíocht Agraibhia

Tá ról an-tábhachtach ag an earnáil agraibhia inár bpobail tuaithe agus onnmhairíonn an earnáil luach 7b de tháirgí in aghaidh na bliana. Dá bhrí sin, is mír thábhachtach i rathúlacht eacnamaíoch na limistéar uirbeach agus tuaithe é iomaíocht an tionscail seo. Tá ar n-iomaíocht bunaithe ar an gcumas táirgí bunúsacha talmhaíochta ar ardchaighdeán a tháirgeadh ag praghsanna iomaíocha agus ár gcumas na táirgí sin a thiontú isteach ina dtáirgí tarraingteacha ar féidir leo a bheith san iomaíocht ar mhargaí atá ag fáil níos oscailte agus a bhfuil níos mó éilimh ag baint leo. Ar an gcéad dul síos, cuireann sé seo faoi deara d'fheirmeoirí feabhas a chur ar tháirgiúlacht trí ghlacadh le teicneolaíochtaí nua, costais táirgthe laistigh de gheata na feirme a laghdú agus luach an aschuir a dhíoltar den fheirm a mhéadú trína bheith níos sofhreagraí d'éilimh na gcustaiméirí. Tá ról mór ag Teagasc ina thaobh seo agus tá a struchtúir chomhairleacha agus táirgíochta talmhaíochta ag obair i dtreo feabhas a chur ar éifeachtacht theicniúil agus feidhmíocht tháirgiúlachta na bhfeirmeoirí.

2.4.4 An Tionscal Bia

Cuireann tionscal bia na hÉireann go suntasach leis an eacnamaíocht náisiúnta, le luach aschuir bhliantúil ag thart ar €16.8 billiún, beagnach 20% den aschur tionsclaíoch ar fad agus meastar go bhfuil beagnach 54,000 duine fostaithe go díreach sa tionscal bia.

Is athrú iompair an tomhaltóra, iomaíochas domhanda agus treochtaí miondíola na príomhnithe is cúis leis an athrú. Is tionscal onnmhairithe iomaíoch faoi threoir an tomhaltóra anois é tionscal bia na hÉireann leis an earnáil bia ullmhaithe ar an gcatagóir is tapúla atá ag fás. Tá dul in oiriuint ar an athrú ríthábhachtach do thír onnmhairithe bia ar nós na hÉireann. Tá scileanna nua de dhíth i dtreochtaí bia atá ag athrú, go háirithe i nuáil agus margú táirgí, i gcomhair rathúlacht iomaíoch.

Is ann do dheiseanna freisin do ghnólachtaí beaga sna hearnálacha bia speisialtachta agus ceirde. Tá straitéisí ag an mBord Bia agus ag an gComhairle Blais chun an earnáil ghnólachtaí beaga agus bia speisialtachta a fhorbairt, lena n-áirítear forbairt táirgí, staidéar féidearthachta agus rocchtain ar mhargaí a éascú.

Oibríonn an Roinn tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta sraith beart chun tacú le forbairt an tionscail bhia. Áirítear ar na bearta infheistíocht chaipitil, taighde agus forbairt, margaíocht agus cur chun cinn agus forbairt acmhainní daonna. Déanann an Roinn agus na gníomhaireachtaí forbartha, lena n-áirítear an Bord Bia, Teagasc agus Fiontraíocht Éireann, iad sin a riaradh.

Is é an dúshlán don Roinn seo agus do na gníomhaireachtaí ábhartha Stáit ná creat polasaí agus tacaíochta a sholáthar, a éascaíonn agus a spreagann an t-athrú agus an dinimiciúlacht is gá i dtionscal bia na hÉireann chun deis a thabhairt dó tacú le héilimh an tomhaltóra agus fanacht iomaíoch agus nuálach.

2.4.5 Sábháilteacht agus Ardchaighdeán Bia

Tá sábháilteacht agus ardchaighdeán bia fíorthábhachtach do thomhaltóirí agus don Roinn seo.

Tá sé tábhachtach a threisiú gur faoin tionscal bia féin i.e. na táirgeoirí, na próiseálaithe, na dáilitheoirí agus na miondíoltóirí, atá an fhreagracht do shábháilteacht bia. Is é ról díreach na Roinne sa réimse seo ná a chinntiú go gcomhlíontar na caighdeáin sábháilteachta bia agus gníomhú go tapaidh agus go héifeachtach nuair a bhraitear sáruithe. Ó 1998 i leith, tá Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI), gníomhaireacht reachtúil, neamhspleách agus eolaíochtbhunaithe, tiomanta chun sláinte an phobail agus leasanna an tomhaltóra sna réimsí sábháilteachta bia agus sláinteachais a chosaint. Déanann an Roinn agus gníomhaireachtaí eile a bhíonn rannpháirteach i sábháilteacht bia a gcuid feidhmeanna faoi chonarthaí seirbhíse le FSAI.

Soláthraíonn an Roinn raon córas dearbhaithe agus rialaithe. Cuireann siad sin trédhearcacht ar fáil maidir le bunadh agus ardchaighdeán an bhia lena n-áirítear inriantacht do mhairteoil, caoireoil agus muiceoil, clár tástála d'iarmhair, do shubstaintí toirmiscthe agus do shubstaintí rialaithe i dtáirgí bia agus in ainmhithe feirme agus réim ceadúnaithe agus forfeidhmithe do mhíochainí tréidliachta.

Trí Bheart Taighde Institiúideach Bia (FIRM) an NDP, soláthraíonn an Roinn maoiniú suntasach do thaighde in ardchaighdeán agus i sábháilteacht bia. Tugann an taighde seo bonn eolaíochtuil chun taca a chur faoin bpolasaí sábháilteachta bia agus d'fhorbairt táirgí bia atá sábháilte agus ar ardchaighdeán don tomhaltóir.

Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le sábháilteacht bia, do shláinte phoiblí agus go deimhin do thodhchaí an tionscail, leanann dearcadh d'fhaire sheasta ar shábháilteacht bia de bheith ag teacht trí gach gné dár n-obair.

2.4.6 Lipéadú Bia

Bunaíodh Grúpa Lipéadaithe Bia i 2002 mar fhreagra ar imní a bhí ar thomhaltóirí faoi bhunadh bia a bhí ag teacht isteach go hÉirinn agus rinne an Grúpa moltaí ar lipéadú, feasacht tomhaltóirí agus bunadh an bhia. Tá na moltaí glactha agus tá siad ar fad, seachas ceann amháin, curtha i bhfeidhm. Baineann an cheist atá fanta le lipéadú maidir le bunadh feola sna hearnálacha bialainne agus lónadóireachta. Cuirfear an cheist seo chun cinn a luaithe a bheith an reachtaíocht phríomhúil cumasaithe achtaithe.

2.4.7 Seirbhísí Saotharlainne

Oibríonn an Roinn gréasán forleathan saotharlainne a úsáidtear chun taca a chur faoi shláinte poiblí, faoi shláinte ainmhithe agus plandaí agus faoi thrádáil i mbia agus i dtáirgí bia. Áirítear ar na haschuir lárnacha sábháilteacht bia a chinntiú, seirbhísí fáthmheasa a sholáthar, tacaíocht d'fheidhmeanna deimhinithe chomh maith le taighde i gcoitinne. Tá os cionn 350 den fhoireann i mbun na hoibre sin. Tá athrú suntasach i ndán don tseirbhís saotharlainne i bhfianaise an láraithe atá le déanamh ar gach saotharlann atá bunaithe i mBaile Átha Cliath i gcoimpléasc nua-aimseartha i mBacastún atá deartha chun caighdeáin Creidiúnaithe Saotharlainne Idirnáisiúnta agus Treoracha ón AE atá cheana ann a chomhlíonadh.

2.4.8 Sláinte agus Leas Ainmhithe

Cuireann stádas ard sláinte ainmhithe na hÉireann bonn taca leis an tsábháilteacht bia agus tá sé fós lárnach d'inmharthanacht ár dtionscail agus ár n-onnmhairithe atá bunaithe ar bheostoic. Tá sé fós ríthábhachtach go mbainimis leas, cibé uair is féidir, as an gcumas déileáil go héifeachtach le haon bhaol sa réimse seo ó cibé áit a n-eascródh siad as, agus go ndéanfaimis an cumas sin a chothabháil. Baineann na nithe seo a leanas leis an gcur chuige cuimsitheach i leith na mbagairtí sin:

Galair a Dhíothú

- oibriú leanúnach na scéimeanna chun galair a bhfuil tábhacht mhór leo ar nós na hEitinne Bólachta agus na Brúsalóise a laghdú agus iad a dhíothú faoi dheireadh thiar.
- dianchlár de bhearta chun BSE a dhíothú,
- bearta chun deireadh a chur leis an Scráibeach sa tréad náisiúnta agus chun déileáil le galair eile sa tréad náisiúnta.

Aithint agus Inriantacht Ainmhithe

Tá córais aitheanta agus inriantachta forbartha d'eallach, do chaoirigh agus do mhuca chun bunadh agus stádas sláinte ainmhithe a fhíordheimhiniú agus iad ag dul isteach sa bhiashlabhra. Tá na córais sin á mionfheabhsú go leanúnach chun freastal ar aon ábhar imní sláinte agus riachtanais a thagann chun cinn i measc an tomhaltóra.

Rialuithe ar Bheathú Ainmhithe

Tá rialuithe lipéadaithe agus inriantachta sa réimse bheathú ainmhithe ag saindíriú ar a chinntiú go gcomhlíonann an beathú ainmhithe na caighdeáin chothaithe íosta agus nach ndéanann siad dochar do shábháilteacht bia. Tá Éire rannpháirteach freisin i gCóras Mear-Rabhaidh an AE chun fógra a thabhairt faoi bhaol do shláinte an duine ag teacht as bia agus beathú.

Leas Ainmhithe

Leanann leas ainmhithe de bheith ag fáil tosaíocht ard, ag léiriú comhbhá an tomhaltóra agus an pobail agus breithnithe tráchtála níos leithne. Leanfaidh an Roinn de bhearta a fheabhsaíonn sláinte agus leas ainmhithe a chur chun cinn agus de bheith ag tacú leis na bearta sin. Sa chomhthéacs sin, tá an Roinn ag spriocdhíriú ar bhearta coisce ar nós pleanáil sláinte tréada chun feabhas a chur ar shláinte agus leas ainmhithe. Is céim thábhachtach eile é a bhfuil á dhéanamh ag an gComhairle Comhairleach um Leas Ainmhithe Feirme (FAWAC) chun leas ainmhithe a chur chun cinn agus chun muinín an phobail agus na dtomhaltóirí a chothabháil.

2.4.9 Biteicneolaíocht

D'aithin Tuarascáil Agraifhís 2015 gur chruthaigh forbairtí i réimse na biteicneolaíochta dúshláin agus deacrachtaí dár dtionscal agraibhia. D'áireofaí ar shamplaí d'úsáid bhiteicneolaíocht forbairt na mbianna feidhmiúla/próbheathacha agus dul chun cinn i dteicnící fáthmheasa chun galar a bhrath in ainmhithe agus cóireáil a chur ar fáil dóibh. Chuathas chun sochair do shábháilteacht bia freisin trí bhrath níos fearr, tuiscint níos fearr agus rialú ar phataiginí bia.

Tá maoiniú suntasach curtha ar fáil do Teagasc agus trí Bheart Taighde Institiúideach Bia (FIRM) chun tacú le saoráidí taighde i mbiteicneolaíocht, agus chun iad a fhorbairt, ar shlí a rachaidh chun sochair don tionscal bia agus do na tomhaltóirí. Tugann an infheistíocht taighde seo an deis dúinn coinneáil leis an teicneolaíocht seo agus tuiscint a fháil ar na bagairtí agus na sochair óna húsáid. Maidir leis sin, ní mór aird chuí a thabhairt ar an mbaol a d'fhéadfadh a bheith ann don chomhshaol, do shábháilteacht bia agus do shláinte an duine i bhfeidhmiú na teicneolaíochta nua seo.

Tá ár gcur chuige dearfach ach ar bhonn réamhchúraim agus tá sé bunaithe ar mheasúnú agus bhainistiú eolaíochtúil riosca. Tacaimíd le lipéadú soiléir agus an méid eolais agus is féidir a sholáthar chun and deis a thabhairt dúinn rogha a dhéanamh dá dheoin féin. Táimid i gcomhoibriú go gníomhach le Ranna eile, le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar cheisteanna biteicneolaíochta agus táimid rannpháirteach i gcoistí idir-rannacha agus gníomhaireachta a oibríonn chun tuiscint fhrithpháirteach a bhaint amach mar aon le cur chuige iomlánaíoch i leith úsáid na teicneolaíochta in Éirinn.

2.5 Talmhaíocht Inbhuanaithe agus an Timpeallacht Nádúrtha

2.5.1 Soláthar Earraí Poiblí

Is iad na haschuir phríomhúla de thalmhaíocht na hÉireann ná táirgí atá ina seal féin ina bpríomh-ionchuir ar bhia na hÉireann agus na tionscail phróiseála comhábhair bia. Mar sin féin, is mó atá aitheantas á thabhairt go bhfuil táirgeadh earraí ar a dtugtar "earraí poiblí" go dlúth mar chuid den táirgeadh talmhaíochta agus foraoiseachta. Léirítear an nasc idir táirgeadh aschuir talmhaíochta agus foraoiseachta agus earraí poiblí ar nós an tírdhreach tuaithe, gnéithe cultúrtha agus oidhreachta, áineas, leithleasú carbóin, bithéagsúlacht, caomhnú fiadhúlra agus ionsú na ngás imcheaptha teasa sa téarma talmhaíocht ilfheidhmeach. Tugann sé sin údar maith eile do ról an rialtais i dtacú le talmhaíocht agus foraosieacht agus soláthar a dhéanamh ar aschuir earraí poiblí. Atreisíonn soláthar earraí poiblí trí thalmhaíocht agus foraoiseacht an ról a bheidh acu i bhforbairt inbhuanaithe.

2.5.2. Sochair Thimpeallachta a Thabhairt i gCrích

Is iad na príomhdhreasachtaí chun sochair thimpeallachta a sheachadadh trí thalmhaíocht ná an Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe (REPS) agus na scéimeanna um Bainisitú Cothaithe Feirme, ar bearta faoi Rialachán Forbartha Tuaithe an AE iad araon. Éascaíonn na scéimeanna seo feirmeoirí ina ról mar chaomhnóirí ar an timpeallacht tuaithe agus spreagann sé na "hearraí poiblí" a tháirgíonn siad.

Tá os cionn 45,000 feirmeoir i láthair na huaire i REPS agus, tar éis scéim fheabhsaithe le rátaí íocaíochtaí níos airde a thabhairt isteach i Meitheamh 2004, táthar ag súil go méadóidh an rannpháirtíocht go seasta don chuid

eile den chlár reatha. Chomh maith le híocaíochtaí méadaithe a sheachadadh chuig feirmeoirí, baineann roinnt gealúintí le bheith páirteach i REPS a théann níos faide ná gnáthdhea-chleachtas feirmeoireachta. Tá míreanna nua forghníomhacha i REPS 3 atá deartha chun bithéagsúlacht agus an timpeallacht nádúrtha a thabhairt ar ais nó a fheabhsú. Ón méid atá le tuiscint go dtí seo is cosúil go bhfuil freagra an-dearfach ar an Scéim nua um Bainistiú Cothaithe Feirme agus an Scéim nua Sláinteachas Déiríochta a bhfuil bonn leathan fúthu.

Tá dualgas ar Éirinn déanamh de réir réimse reachtaíochta comhshaoil AE a dhéanann difear don talmhaíocht mar an Treoir Níotráití, an Treoir um Uasteorainneacha Náisiúnta Astúchán, Prótacal Kyoto ar Athrú Aeráide agus na Treoracha um Éin Fhiáine agus Gnáthóga. Is mó a bheidh dul chun cinn teicneolaíoch i dtáirgeadh barra neamhbhia, bithmhais, bithbhreoslaí agus teicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn mar chuid de na córais táirgthe talmhaíochta agus foraoiseachta a chabhróidh le hÉirinn cuid dá oibleagáidí comhshaoil a chomhlíonadh. Leanfaidh an Roinn i gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, mara agus Acmhainní Nádúrtha, ar a bhfuil an phríomhfhreagracht don réimse seo, de mheasúnú a dhéanamh mar a fhéadfaidh talmhaíocht cur le forbairt bithfhuinnimh.

Tagann méid suntasach astúchán náisiúnta d'amóinia (98%), meatán (16%) agus ocsaíd nítreas (11%) as an méid ainmhithe agus úsáid leasúcháin san earnáil talmhaíochta. Bíonn tionchar dochrach ag na hastúcháin sin ar aigéadú, eotrófú agus athrú aeráide. Tá an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus Teagasc ag obair go forghníomhach leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun feabhas a chur ar fardail agus teilgin náisiúnta astúchán agus chun laghdú costas-éifeachtach a dhéanamh ar scála agus tionchar na n-astúcháin sin i rith na deich mbliana atá amach romhainn.

Ó Eanáir 2005, is ceanglas lánphairtiúil den Scéim Íocaíochta Aonair a bheidh i ndéanamh de réir cheanglais na reachtaíochta comhshaoil agus de réir na gcaighdeán do dea-choinníollacha talmhaíochta agus comhshaoil. Beidh tionchar suntasach ag feidhmiú tuilleadh na Treorach Níotráití ar fheirmeoireacht agus tá moltaí curtha isteach ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chuig an gCoimisiún Eorpach don chéad Chlár Gníomhaíochta Náisiúnta de chuid na hÉireann faoin Treoir.

Tiomantais Chreat Polasaí an Rialtais

Déanaimid

- Plean Gníomhaíochta Thuarascáil Agraifhís 2015 a fheidhmiú
- Cláir forbartha don tionscal bia a fheidhmiú
- Na tiomantais sábháilteachta bia sa chonradh seirbhíse le FSAI a chomhlíonadh
- Leanúint de bheith ag cur sláinte agus leas ainmhithe chun cinn
- Na rátaí rannpháirtíochta uasta i scéimeanna comhshaoil talmhaíochta a chur chun cinn
- Páirt a ghlacadh in idirbheartaíochtaí ag leibhéal AE ar an gClár Gnímh Níotráití agus ar an iarraidh maolaithe
- Achoimre bliantúil ar staitisticí trádála foraoiseachta/admhaid a thionscnamh agus a sheachadadh
- Fardal Foraoiseachta Náisiúnta a dhéanamh agus anailís a dhéanamh ar a fhionnachtana

Caibidil 3: An Timpeallacht Inmheánach

3. 1. Clár Oibre an Nuachóirithe

Bhí an Roinn seo go mór chun tosaigh chomh fada agus a bhain le Clár Oibre an Nuachóirithe a sheachadadh don státseirbhís chomh maith le gach tiomantas ábhartha sa Chlár don Rialtas agus i dtionscnaimh lárnacha Rialtais eile a chur i bhfeidhm. Bhí na cuspóirí sin ina bpríomhfhócas ag an mbainistíocht shinsearach agus díríodh na córais agus próisis rialachais chorparáidigh ar na críocha sin a bhaint amach. Tá tuarascálacha sásúla faighte ón CSPVG ar an dul chun cinn a rinneadh faoi clár oibre an nuachóirithe agus leagann Iarscríbhinn 2 amach na forbairtí faoin gClár don Rialtas.

3.1.1 Bainistiú na Roinne

Is é an Coiste Bainistíochta, atá comhdhéanta den Ard-Rúnraí, Rúnaithe Cúnta, an Príomh-Oifigeach Tréidliachta agus an Príomh-Chigire, an struchtúr bainistíochta sinsearaí sa Roinn. Bíonn cruinniú ag an Aire agus ag na hAirí Stáit leis an MAC ar bhonn rialta chun na saincheisteanna ábhartha straitéiseacha agus reatha a bhreithniú. Tugann obair roinnt coistí straitéiseacha inmheánacha agus seachtracha mar aon le hionchur ón mbainistíocht agus ón bhfoireann faisnéis agus tacaíocht dá gcinntí polasaí. Cinntíonn sé sin go nglactar cur chuige faisnéisithe i leith polasaí agus go mbíonn polasaithe na roinne rannpáirtithe le cuspóirí an Chláir don Rialtas.

Is mír lánpháirteach de na próisis inmheánacha é an phleanáil straitéiseach gnó. Mar thoradh air sin feidhmítear polasaithe comhaontaithe, faoi mar a chinntear ag leibhéil aireachta agus bainistíochta sinsearaí, trí phleananna gnó rannánacha agus rólphróifílí aonair a bhfuil siad ar fad bunaithe ar na spriocanna agus na sraitéisí sa Ráiteas Straitéise.

3.1.2. Bainistiú Airgeadais

Tá an Roinn Talmhaíochta agus Bia freagrach as caiteachas de isteach agus amach le 3 bhilliún gach bliain, a bhfuil cion suntasach de sin á mhaoiniú ag an AE. Le blianta beaga anuas, bhí an Roinn chun cinn sa tslí a raibh an sárchleachtas i mbainistiú airgeadais á chur i bhfeidhm sa státseirbhís. Tá córas corparáideach custaiméirí curtha i bhfeidhm againn, tá lámhleabhair ar nós imeachta mionsonraithe airgeadais curtha ar fáil againn, tá córas cuntas gearáin MIF (SAP) forbartha againn mar aon le clár oiliúna mionsonraithe MIF chomh maith clár bhainistiú riosca fiontair a bheith bunaithe againn. Tá ár struchtúr Vóta réadaithe againn agus é ailínithe againn lenár spriocanna corparáideacha. Chomh maith leis sin, i mbabhta athbhreithnithe caiteachais 2002-2004, rinneamar athbhreithniú ar 12 réimse polasaí arbh ionann sin agus 71% den chaiteachas foriomlán (gan an buiséad riaracháin san áireamh).

Chabhraigh ár gcóras bainistíochta riosca linn na saincheisteanna a aithint a dhéanann difear dár gcórais airgeadais agus rialaithe eile, nó ar dócha do ndéanfadh siad difear dóibh, agus an gníomh is gá a ghlacadh chun déileáil leo. Mar an ghníomhaireacht íocaíochta creidiúnaithe in Éirinn do thacaíochtaí margaidh CAP agus d'íocaíochtaí díreacha, tá an Roinn eisceachtúil sa scála agus raon iniúchtaí náisiúnta agus AE a bhfuil sé faoina réir. Tá dea-theist láidir coimeádta againn i gcomparáid lenár gcomhghleacaithe AE eile ó thaobh torthaí iniúcóireachta.

Tiomantais Bhainistiú Airgeadais

Déanaimid

- Feidhmiú mhíreanna deiridh an Chreata Faisnéise Bainisteoireachta a thabhairt chun críche. Cuirfear béim ar leith ar fhorbairt thuarascálacha lánpháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais agus ar oiliúint bhainistíochta MIF a thabhairt chun críche ionas go bhfeabhsófar an úsáid agus na sochair a bhíonn ar fáil do shaoráidí tuairiscithe.
- Leas a bhaint as anailís ar bhainistiú riosca le bheith mar threoir dár n-obair agus dár ngníomhaireachtaí go léir.
- Tabhairt faoi Chlár Athbhreithniú Caiteachais 2005-2007.

3.1.3. Bainistiú Acmhainní Daonna (HRM)

Is é príomhláidreacht na Roinne ná tiomantas agus raon scileanna a foirne agus an tslí a bhfreagraíonn siad d'athruithe inár dtimpeallacht oibríochta. Bhí béim shonrach an HRM le roinnt blianta anuas ar fheabhas a chur ar phróisis earcaíochta/ardú céime, ar fheidhmíocht a bhainistiú agus ar úsáid a bhaint as na próisis chomhpháirtíochta chun athrú agus clár oibre an nuachóirithe a bhainistiú.

Ag baint úsáide as Fo-Choiste Comhpháirtíochta, comhaontaíodh caighdeáin agus nósanna imeachta nua do gach comórtas ardú céime inmheánach amach anseo. Léiríonn na próisis athbhreithnithe ardú céime/ earcaíochta seo an sár-chleachtas faoi mar a sainmhíníodh i dTuarascáil 2004 ar Chóras Iomaíoch Ardú Céime a rinne Grúpa Ad Hoc na nArd-Rúnaithe.

Tá bainistiú feidhmíochta faoi threoir ag an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmiúcháin (PMDS) agus ag ár gclár oiliúna. Tá an leibhéal foirne a chuaigh faoi oiliúint (14,500 lá faoi láthair) chomh maith leis an leibhéal maoinithe méadaithe go gníomhach ag an Roinn. Is ionann caiteachas de bheagnach 6m agus os cionn 3.2% den phárolla iomlán. Nuair a chuirtear luach airgid na hoiliúna forleathan ar an jab san áireamh, tá sprioc an Rialtais de 4% den phárolla bainte amach.

Tá an próiseas comhpháirtíochta neadaithe tuilleadh sa Roinn. Is mó atá úsáid fhorghníomhach an chur chuige compháirtíochta le feiceáil i gcur le chéile ár straitéise HR, i dteicnící agallaimh struchtúraithe d'ardú céime inmheánach a chomhaontú agus a thabhairt isteach, in athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras PMD, in aiseolas ón íochtar aníos a thabhairt isteach agus i bPlean Gníomhaíochta dian faoi ag Coinneáil an Dul Chun Cinn a chomhaontú agus a chur chun cinn.

Tiomantais Bhainistiú Acmhainní Daonna

Déanaimid

- Struchtúir agus próisis eagraíochtúla a fhorbairt chun freastal ar SPS agus cinntí dílárnaithe
- Athbhreithniú ar an Straitéis HR i bhfianaise na n-athruithe reachtúla lena n-áirítear an PSMA, Acht Rialaithe na Státseirbhíse agus athruithe straitéiseacha ábhartha.
- An Straitéis Oiliúna nua a thabhairt chun críche agus a forálacha a fheidhmiú, ag cur ceanglais an dílárathe agus an SPS san áireamh.
- Earcaíocht oscailte a thionscnamh i gcomhair scileanna tearca
- Athbhreithniú ar phróisis PMDS chun feabhas a chur ar chomhleanúnachas i measúnuithe
- Athbhreithniu a dhéanamh ar phróisis ghnó sna réimsí íocaíochta aonair agus sláinte ainmhithe chun na sochair is fearr IT agus córais eile a chinntiú.
- A chinntiú go mbíonn gach lámhleabhar nósanna imeachta tugtha cothrom le dáta faoi dheireadh 2005.

3.1.4. Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide (ICT) agus ríomhsheirbhísí an Rialtais

Sa Roinn seo tá an bhéim le blianta beaga anuas ar chlár oibre ríomhsheirbhísí an Rialtais a leanúint trína chinntiú go bhfuil tionscnaimh shuntasacha ICT gréasán-chumasaithe chun aistriú eolais chuig an gcustaiméir agus ón gcustaiméir a éascú, chun tiomsú sonraí a íoslaghdu trí athúsáid a bhaint as an bhfaisnéis leictreonach atá cheana ann agus, más indéanta sin, chun lánpháirtiú le córais na gcustaiméirí féin.

Áirítear ar na mórthionscadail IT ar forbraíodh laistigh den chreat a bhfuil tuairisc thuas air iMAP (Córas Mapála Idirlín agus Íocaíochta), An Córas Monatóireachta Ghluaiseachta Eallaigh (CMMS) – atá á thabhairt cothrom le dáta faoi láthair chun córas cineálach ghluaiseachta ainmhithe (AIMS) ar-líne a sholáthar, An Córas Ríomhaireachta do Shláinte Ainmhithe (AHCS), Córas Corparáideach Custaiméirí agus SAP (Céimeanna 1 agus 2). Tá sé aitheanta go bhfuil an Roinn seo chun cinn ar a comhghleacaithe san AE i bhforbairt agus i mbunú córas IT chun tacú leis an Scéim Íocaíochta Aonair nua.

Bheadh ríomhphost, idirlíon agus inlíon inmheánach agus bothanna seirbhísí poiblí i measc na dtionscnamh seirbhíse custaiméirí agus cumarsáide a bheadh ag usáid na teicneolaíochta atá bunaithe ar an ngréasán. Tá ár láithreán gréasáin athfhorbartha ionas gur féidir le custaiméirí rochtain ar-líne a bheith acu ar go leor foirmeacha iarratais agus ar chórais agus i 2004 tugadh os cionn 3.9m cuairt ar an láithreán sin. Tá an leibhéal inrochtaine seo do chustaiméirí le feiceáil i réimsí eile inar sholáthair an Roinn naisc dhíreacha leictreonacha do ghníomhairí (marglanna, fearais/monarchana onnmhairithe, cleachtais phríobháideacha tréidliachta, díoltóirí clibeanna, cuideachtaí a bhíonn páirteach i gclárú buabhach a bhailiú etc.) nó trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht gréasán-chumasaithe a cheadaigh custaiméirí féachaint ar fhaisnéis ar-líne agus i roinnt cásanna an fhaisnéis ar-líne a phróiseáil.

Tiomantais ICT agus ríomhsheirbhísí an Rialtais

Déanaimid

- Leathadh amach an AHCS a thabhairt an críche agus an córas sin a mhionchoigeartú, de réir mar is cuí.
- Feidhmiú mhodúil bhreise ar an gCóras Aitheantais agus Gluaiseachtaí Ainmhithe (AIMS) a bhogadh ar aghaidh
- Tionscadal iFORIS (Córas Faisnéise Comhtháite Foraoiseachta) a fheidhmiú
- Straitéisí ICT a bhainsitiú go héifeachtach agus a fhorbairt ag teacht le polasaithe an Rialtais ar dhílárú
- A chinntiú go mbíonn láithreáin ar an gCrios leictreonach ag gach Rannán

3.1.5. Seirbhís do Chustaiméirí

Is eol don Roinn riachtanais a réimse éagsúil custaiméirí, agus tá sí sofhreagrach do na riachtanais sin, agus i measc na gcustaiméirí is gaire tá an Rialtas, na feirmeoirí, tomhaltóirí, an tionscal bia, úinéirí foraoise agus áititheoirí tuaithe nach feirmeoirí iad. Le roinnt blianta anuas, tá raon agus ardchaighdeán ár seirbhísí do chustaiméirí méadaithe go suntasach againn, tá ár bpróisis comhchomhairle leathnaithe againn agus tá riachtanais an phobail i gcoitinne tógtha isteach againn.

Oibríonn an Roinn réimse de sholáthair seirbhísí custaiméirí, reachtúil agus deonach. Áirítear ar na míreanna reachtúla réimsí ar nós Achomhairc Talmhaíochta, Saoráil Faisnéise agus fiosruithe agus gearáin chuig an Ombudsman. Áirítear ar na próisis sárchleachtais arna dtionscnamh ag an Roinn na tiomantais ar spriocanna íocaíochta agus seachadta sa Phrótacal ar Íocaíochtaí Díreacha agus Pleananna Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaiméirí, bunú an Phainéil Idirchaidrimh Tomhaltóirí, painéil custaiméirí seachtracha agus inmheánacha agus nós imeachta gearáin fhoirmiúla; sraith de chruinnithe faisnéise poiblí a thionól ar fud na tíre ar scéimeanna nua forálacha seribhíse custaimeirí, seimineáir foirne agus comhlachtaí monatóireachta inmheánacha agus seachtracha a bhunú ar raon saincheisteanna.

Tá sampla forghabhálach dár dtiomantas chun dearbhú cáilíochta ar tháirgí agus ar shástacht custaiméirí a sholáthar léirithe sna gníomhartha atá glactha chun caighdeán bainistíochta cáilíochta ISO a bhaint amach. Tá an caighdeán sin nó a chomhionann bainte amach cheana i gcúig réimse oibre agus tá clár oibre ar fáil chun an córas creidiúnaithe seo a leathnú go dtí réimsí eile.

Tá fianaise den fhreagra chuig an Oireachtas agus chuig an gClár don Rialtas leagtha amach i gCaibidil 7 agus tá níos mó eolais ar ról na Roinne i ndáil le sábháilteacht bia agus tionscal an bhia in gCaibidil 3.

Tiomantais na Seirbhíse do Chustaiméirí

Déanaimid

- A chinntiú go gcomhlíontar na caighdeáin cáilíochta atá leagtha amach inár gCairt Custaiméirí agus sa Phlean Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaimeirí 2005-2007
- Scéim de bhearta chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge a fhoilsiú agus a fheabhsú
- Athbhreithiniú, i dteannta le comhlachtaí feirme, ar an bPrótacal ar Íocaíochtaí Díreacha le Feirmeoirí agus na spriocanna íocaíochta comhaontaithe a chomhlíonadh
- A chinntiú gur ann do shocruithe idir-rannacha chun na rialacháin tras-chomhlíonta a chur i bhfeidhm

3.1.6. Rialacháin níos fearr agus Athchóiriú Rialaithe

Ceann de na príomhfhórsaí treallúis i bhforbairt na Scéime Íocaíochta Aonair ná a aithint gur chóir an t-ualach comhlíonta ar chliaint a laghdú. Tá sé sin bainte amach trí dheireadh a chur le 8 scéim, trí scéim lánpháirtithe amháin a chur ina n-áit agus trí laghdú suntasach a dhéanamh ar líon agus déine na rialachán agus na gcoinníollacha comhlíonta a chaitear a chomhlíonadh. Áirítear ar thionscnaimh eile sa réimse seo obair atá ar siúl ar an mBille Talún reatha agus ar an mBille um Rialú na Gairme Tréidliachta agus Gníomhaíochtaí Coimhdeacha. Ar an gcéad dul síos, glacadh an deis chun an t-ualach costais ar sheirbhísí dlíthiúla a bhaineann le haistrithe talún a laghdú agus bhain achoimre córasach agus comhdhlúthú na reachtaíochta atá cheana ann leis na haistrithe talún.

3.1.7. Straitéis Sonraí

Tar éis cruinnithe leis an bPríomh-Oifig Staidrimh, tá creat cinnithe ag an Roinn dár straitéis sonraí/staitisticí. Tá sé seo á fhorbairt tuilleadh sa Roinn.

Tiomantais an Leasaithe Rialachán

Déanaimid

- Achtú an Bhille Talún a bhogadh ar aghaidh agus a fhorálacha, lena n-áirítear ceannach blianachtaí, a chur i bhfeidhm
- An clár reachtach reatha a chur chun cinn, lena n-áirítear acht nua a chur in áit Acht na Máinliaigh Beithíoch, 1931.
- A bheith rannpháirteach i staidéar píolóta ar an Anailís Tionchair Rialaitheach (RIA)
- Polasaí Straitéis Sonraí an Roinne a thabhairt chun críche.

Caibidil 4 Na Mór-Dhúshláin

Tá clár uaillmhianach de Spriocanna, Gníomhartha agus Táirgí Feidhmíochta leagtha síos di féin ag an Roinn at tráth nuair atá dúshláin as cuimse amach roimpi ó thaobhanna difriúla ag an am céanna. Tá an timpeallacht sheachtrach ag athrú agus dá thoradh tá cruth na hearnála agraibhia don todhchaí neamhchinnte. Go hinmheánach, tá an Roinn ag bainistiú mórchlár díláraithe agus athlonnaithe agus ag an am céanna tá sí ag feidhmiú na Scéime Íocaíochta Aonair. Cruthaíonn gach ceann amháin díobh sin dúshláin shuntasacha oibríochtúla agus airgeadais don Roinn agus athróidh a n-éifeacht iomlán nádúr na seirbhísí atá le seachadadh agus tabharfaidh sé dúshlán do chumas na Roinne seirbhísí a sheachadadh. Tá sé róluath, fós, luach a chur leis na na héifeachtaí sin, ach is léir áfach i rith na tréimhse 2005-2007 go mbeidh athrú iomlán nach mór ar fhoireann sa cheannáras ag eascairt as dílárú agus fachtóirí eile. D'fhéadfaí dul chun cinn suntasach a chailleadh ó thaobh cuimhne corparáideach fadréimseach na Roinne agus chun caighdeáin arda a chothabháil beidh gá le hiarracht shuntasch ón bhfoireann.

4.1 Talmhaíocht

Táthar ag meas go mbeidh éifeacht fhíorshuntasach ag forálacha díchúplála Chomhaontú Lucsamburg, a mbeidh éifeacht leis i 2005, ar fheirmeoireacht sa tréimhse 2005-2007 agus sa todhchaí. Briseann na forálacha sin an nasc idir tacaíocht ioncaim agus táirgeadh talmhaíochta agus beidh feirmeoirí ag táirgeadh amach anseo go huile agus go hiomlán ag freagairt don mhargadh. Is iad éilimh an margaidh a bheidh ceannasach i gcinntí táirgthe agus beidh tionchar freisin acu ar tháirgiúlacht agus ar chaighdeán na dtáirgí a shroicheann an margadh.

Sa timpeallacht seo a bheidh níos iomaíche, beidh ar fheirmeoirí a dtáirgiúlacht a fheabhsú, a gcostais a laghdú nó luach a n-aschur a mhéadú trí fhreagairt go héifeachtach ar éilimh an mhargaidh. Déanfaidh na feirmeoirí a gcinntí féin mar fhreagra ar na héilimh seo. Táthar ag súil in imeacht ama go laghdóidh roinnt feirmeoirí táirgeadh agus go ndéanfaidh feirmeoirí eile coigeartú fabhrach don timpeallacht athraitheach trí bheith níos costaséifeachtaí nó trí ioncam forlíontach a fháil ó ghníomhaíochtaí neamhfheirmeoirechta.

Ag an staid seo, níl dóthain ama caite le go bhféadfadh treochtaí suntasacha teacht chun cinn mar thoradh ar Chomhaontú Lucsamburg. Mar sin féin, chun cabhrú linn straitéisí comhtháite a ullmhú chun déileáil leis na cleachtais athraitheacha feirmeoireachta, ceapadh coiste chun na hathruithe is dócha a tharlódh laistigh den tionscal agraibhia sna deich mbliana amach romhainn a scrúdú agus chun moltaí cuí a dhéanamh chun déileáil leis an timpeallacht athraitheach seo. Cuireadh an Tuarascáil Agraifhís 2015 ar fáil i mí na Nollag 2004 a bhí mar thoradh ar an scrúdú sin agus tugann an tuarascáil creat inar féidir forbairt na talmhaíochta príomhúla agus táirgeadh foraoiseachta a leanúint chomh maith leis an earnáil agraibhia ina hiomláine.

Tá ról ceannasach ag an Roinn ina fhorbairt seo agus trí pholasaithe earnálacha cuí a fhorbairt a spreagfaidh forbairtí atá dírithe ag an margadh, a spreagfaidh taighde, forbairt agus nuálacht chun iomaíocht a fheabhsú, a laghdóidh bacainní ar thrádáil agus a shocróidh an creat tacaíochta is mó a bheidh chun ár leasa ag leibhéal AE.

4.2 An Tionscal Bia

Is earnáil thábhachtach d'eacnamaíocht na hÉireann é an tionscal bia i gcónaí le honnmhairithe de 7 billiún in aghaidh na bliana. Tá iompar athraitheach na dtomhaltóirí, iomaíochas agus chomhdhlúthú leanúnach ag leibhéal miondíola ag déanamh athruithe tapaidh sa tionscal bia ar fud an domhain.

Ag tógáil ar ár rathúlacht reatha sna margaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, beidh an bhéim amach anseo ar theaglam d'iomaíochas agus de nuáil. Cé go mbeidh ról lárnach ag táirgí príomhúla sa tionscal seo, tugann an taighde reatha le tuiscint go mbeidh ár n-áit amach anseo sa timpeallacht dhinimiciúil seo atá ag oscailt amach faoi thionchar ag ár gcumas táirgí taitneamhacha a tháirgeadh ag praghas iomaíoch do mhargaí an bhia ullmhaithe tomhaltóra, an bia feidhme agus an bhia ceirde.

Sa chomhthéacs seo, chuir Tuarascáil Agraifhís 2015 béim ar ról lárnach an taighde, na forbartha agus na nuálachta chun iomaíochas a chothabháil agus mhol maoiniú leanúnach oideachas talmhaíochta, oiliúint agus taighde talmhaíochta. Tacaíonn an Roinn leis an moladh seo agus leanfaidh de bheith ag tacú leis an tionscal ina hiarrachtaí le bheith nuálach agus fanacht iomaíoch.

Dúshlán ar leithligh atá roimh an earnáil phróiseála bia ná an gá ata le bheith ina nn táirgí ardchaighdeáin arna n-éileamh ag an tomhaltóir a sheachadadh ag praghas iomaíoch. Beidh tionchar ag saincheisteanna a bhaineann le polasaí poiblí, scála agus forbairtí margaidh lena n-áirítear díriú ar mhiondíol ar acmhainn thionscal bia na hÉireann amach anseo. Leis an athrú ginearálta polasaí i dtreo thacaíocht a dhíriú ar R&D agus margú agus cur chun cinn, tá dúshláin ar leith roimh an Roinn chun an earnáil seo a fhorbairt.

4.3. Comhthéacs Buiséid an AE

Cothaíonn an tréimhse atá díreach romhainn dushláin airgeadais ar leith do mhaoiniú talmhaíochta ag leibhéal AE. Is iad na príomhcheisteanna a bhfuil aghaidh á dtabhairt orthu ná an Pheirspeictíocht Airgeadais agus an Rialachán Forbartha Tuaithe. Leagann an Pheirspictíocht Airgeadais amach creat buiséid foriomlán an AE, agus déileálann an Rialachán Forbartha Tuaithe (RDR) leis an gcreat tacaíochta d'fhorbairt tuaithe laistigh den pheirspicíocht airgeadais foriomlán. Ó thaobh na Roinne seo, baineann míreanna iomchuí an RDR leis an REPS, Limistéir Foraoiseachta faoi Mhíbhuntáiste, ERS agus Bainistiú Chothuithe Feirme, Infheistíoct ar an bhFeirm agus Cabhair Suiteála d'Fheirmeoirí Óga.

Tá dúshláin shuntasacha ann ó dhá thaobh d'Éirinn. Ciallaíonn aontachas na 10 mBallstát Nua, a bhfuil a ngeilleagair go ginerálta ag brath níos mó ar thalmhaíocht ná atá Éire, agus ár leibhéal láidir d'fhás eacnamaíocht le déanaí go bhfuil éilimh iomaíochta láidir ar chistí a bhaineann le talmhaíocht agus forbairt tuaithe. Chomh maith leis sin, áiríonn moltaí reatha an RDR forálacha níos sriantaí do limistéir foraoiseacha agus faoi mhíbhuntáiste. Bheadh tionchar diúltach ag na forálacha athruithe sin, má chomhaontaítear iad, ar ár scéimeanna reatha agus dá bhrí sin is ábhar imní iad.

Is é an dúshlán atá roimh an Roinn ná an leibhéal is fearr is féidir tacaíochta agus creat forbartha do thalmhaíocht, do phobail tuaithe agus don earnáil agraibhia foriomlán don todhchaí a dhaingniú. Is tasc crua é sin i bhfianaise na n-éileamh iomaíocha ó bhallstáit eile agus buiséad srianta foriomlán an AE.

4.4. Atheagrú agus Athstruchtúrú

I rith thréimhse na straitéise seo, táthar ag súil go ndéanfar atheagrú agus athstruchtúrú suntasach ar an Roinn mar gheall ar an gclár díláraithe chomh maith le hathruithe iarmharacha ag eascairt as an timpeallacht athraitheach sheachtrach agus inmheánach.

Is é an dúshlán atá roimh an Roinn ná éifeacht a thabhairt don atheagrúchán atá riachtanach agus ag an am céanna a chinntiú nach mbíonn aon tionchar dochrach ar chaighdeáin seirbhíse do chustaiméirí, go ndéantar riarachán éifeachtach agus rialachas corparáideach a chothabháil agus go dtugtar aghaidh go cuí ar cheisteanna caidrimh tionsclaígh agus acmhainní daonna.

Beidh scála na n-athruithe sin á mbainistiú ag raon straitéisí corparáideacha. Áirítear orthu sin an clár bainistíochta um riosca inmheánach, próiseas cumarsáide foirne forleathan chomh maith le comhchomhairle leanúnach le cumainn foirne trí Chomhairle Rannach, cruinnithe déthaobhacha agus an Coiste

Comhpháirtíochta. Chomh maith leis sin, tá straitéis oiliúna athbhreithnithe, le tagairt shainiúil do riachtanais oiliúna do dhílárú, agus córas bainistithe eolais, lena n-áirítear athbhreithniú ar lámhleabhair nósanna imeachta, á bhforbairt.

4.4.1. Dílárú

Tá an Roinn go gníomhach ag pleanáil forfheidhmiú an Rialtais ar chinneadh an díláraithe de réir mar a bhaineann sé leis an Roinn seo, ie. dílárú cheannáras na Roinne go Port Laoise, oifigí chathair Chorcaí agus Mhala go Mainistir Fhear Maí, Saotharlanna Chorcaí agus Luimnigh go Maigh Cromtha agus An Bord Bia ó Bhaile Átha Cliath go dtí Inis Córthaigh.

Tar éis cinneadh an díláraithe, méadaíodh an líon foirne i bPort Laoise go dtí os cionn 270 mar gur athlonnaíodh 50 duine breise ansin chun déileáil leis an méadú suntasach i leibhéil foirne ag eascairt as an Scéim Íocaíochtaí Aonair. Déanfar 50 duine eile den fhoireann a athlonnú go Port Laoise i 2005 a luaithe a bhíonn an chóiríocht shealadach atá riachtanach don líon breise sin ar fáil.

Tá Coiste Feidhmithe Díláraithe bunaithe againn ag a bhfuil ár bPlean Feidhmithe Díláraithe forbartha. Tá an plean seo á athbhreithniú faoi láthair i bhfianaise thuarascáil Shamhain 2004 ón nGrúpa Feidhmithe Díláraithe lárnach. Bhí sonraí de na haistrithe céimnithe beartaithe, na Rannáin atá le hathlonnú agus na dátaí táscacha iomchuí do na haistrithe sin sa leagan deireadh den Phlean seo i mí Feabhra 2005.

I rith na tréimhse 2005-2007, déanfar pleananna a thabhairt cothrom le dáta go leanúnach agus déanfar iad a athbhreithniú i bhfianaise na gcinntí a dhéanfar go lárnach agus an taithí a bheidh faighte ón gclár seo.

Aithnítear go bhfuil an tréimhse athraithe seo ina chúis imní dlisteanach agus ina chúis neamhchinnteachta don fhoireann agus dá dteaghlaigh. Is é ár gcuspóir oibriú i gcomhar leis na ceardchumainn foirne ionas go bhféadfar an méid a chuirfí as d'fhoireann agus d'oibríochtaí roinne a íoslaghdú chun atheagrú rathúil na Roinne a bhaint amach. Chun na críche sin, tá an Roinn tiomanta do chomhchomhairle leanúnach leis na Ceardchumainn Foirne tríd an gCoiste Comhpháirtíochta, trí Chomhairle na Roinne, trí chruinnithe déthaobhacha agus trí shásraí eile caidrimh tionsclaígh.

4.4.2. Athlonnú

Lasmuigh den chreat díláraithe, tarlóidh athruithe breise do leagan amach geografach na Roinne i rith thréimhse an Ráitis Straitéise seo. Tarlóidh na hathruithe is túisce thart ar lár 2005 nuair a athlonnóidh thart ar 300 den fhoireann atá ag obair faoi láthair sna Saotharlanna Tréidliachta, Rialaithe Feola, Eolaíochta Déiríochta, Lotnaidicídí agus Tástála Síl óna suímh reatha i mBaile Átha Cliath go dtí Coimpléacs Saotharlanna Bacastún i gCo. Chill Dara. Tá an tsaotharlann nua seo, lena seirbhísí tacaíochta coimhdeacha, deartha chun na caighdeáin chreidiúnaithe saotharlainne idirnáisiúnta a chomhlíonadh, tugtar roinnt disciplíní eolaíochta le chéile in aon choimpléacs amháin agus léiríonn sé an tiomantas náisiúnta chun rialuithe sábháilteachata bia agus caighdeáin sláinte ainmhithe a chothabháil agus a fheabhsú.

I 2005, tá sé beartaithe tráinse eile den fhoireann a bhíonn ag déileáil le feidhmeanna sláinte ainmhithe a athlonnú go Co. Chill Dara.

4.4.3 Tionchar na Scéime Íocaíochta Aonair (SPS)

Tá feidhmiú an SPS agus na cigireachtaí tras-chomhlíonta atá ceangailte leis ar cheann de na dúshláin airgeadais agus eagraíochtúla is mó atá roimh an Roinn. Beidh impleachtaí suntasacha ag a bhfeidhmiú ar struchtúir agus ar phróisis inmheánacha.

Faoi dheireadh 2004, bhí an chéad chéim den phróiseas feidhmithe tugtha chun críche agus tá na córais agus próisis nua atá riachtanach chun an Scéim Íocaíochtaí Aonair, a bhfuil uasteorainn airgeadais de €1.3 billiún ag gabháil léi, cruthaithe den chuid is mó.

Tá obair ar siúl ar Achomhairc, Force Majeure, Cúltaca Náisiúnta, Carnadh Teidil etc. Caithfear na ceisteanna sin agus aon cheisteanna eile a réiteach lena chinntiú go n-eiseofar na híocaíochtaí cearta d'os cionn 130,000 cliant i bhFómhar 2005. I bhfianaise na hiarrachta leanúnaí agus tiomantas na foirne, táthar ag tnúth nach rachfar thar na dátaí seachadta agus na spriocanna.

Is éard is tras-chomhlíonadh ann an nasc idir tacaíocht dhíreach chothabhála na gcoinníollacha timpeallachta, leasa ainmhithe agus eile. Tá íoc na hÍocaíochta Aonair ar choinníoll go gcomhlíontar gach ceann de na hocht gcinn déag d'fhorálacha reachtúla an AE ar an gcomhshaol, ar aithint agus clárú ainmhithe, ar leas ainmhithe agus ar shláinte ainmhithe, plandaí agus an phobail. Bhí próiseas comhairliúcháin ann ina raibh gníomhaireachtaí Rialtais eile, heagraíochtaí feirmeoireachta agus páirtithe leasmhara eile páirteach chun comhaontú ar chóras sruthlínithe agus éifeachtach tras-chomhlíontach a chinntiú.

Ó bhíonn na hathruithe oibríochta is gá ar na scéimeanna agus na próisis chomhaontaithe, leanfaidh an obair ar aghaidh ar ghluaiseachtaí foirne a fheidhmiú agus ar athruithe struchtúrtha atá riachtanach chun feidhmeanna agus próiseas a ailíniú chun an réim Íocaíochta Aonair a chur i bhfeidhm.

Bhí Coiste Athruithe Foirne go gníomhach ag breithniú na gcoigeartuithe agus na hathruithe foirne a bheidh riachtanach. Beidh tionchar ag a dtuarascáil ar an líon, struchtúr agus dáileadh geografach foirne i rith na tréimshe 2005-2007. Cé go dtuigtear go mbeidh mór-athchothromú ar obair chomh maith le leibhéil laghduithe foirne mar thoradh ar na hathruithe a bheidh ann de bharr fheidhmiú an SPS, beidh sé amach i lár 2005 ar a laghad sula mbeidh na héifeachtaí beachta ar eolas nuair a thiocfaidh an plé ar shásraí mionsonraithe chun críche chun tras-chomhlíonadh dea-choinníollacha sainiúla talmhaíochta agus sláinte poiblí/ainmhithe a chinntiú.

Roimh an tuarascáil sin, rinneadh atosaíochtú ar an obair inár n-oifigí i bPort Laoise, i dTeach Hume agus i gCaisleán an Bharraigh agus sannadh foireann breise chuig oifig Phort Laoise chun déileáil leis an méadú suntasach i leibhéil oibre. Chomh maith leis sin, nuair is indéanta sin, tá an Roinn ag glacadh isteach foireann shealadach ag leibhéal earcaíochta chun an scála de chur isteach ar an bhfoireann sna blianta amach romhainn a íoslaghdú. Tá earcaíocht ag moilliú freisin chun an cuíchóiriú is gá a éascú agus tá an Roinn Airgeadais curtha ar an eolas faoi shuímh ina bhféadfadh barrachas foirne a bheith ar fáil ionas go bhféadfaidh polasaithe earcaíochta i Ranna eile sna suímh sin é sin a chur san áireamh.

Is cuid ríthabháchtach den phróiseas seo a bheidh i gcomhchomhairle chuiditheach agus i gcumarsáid idir an Roinn, an fhoireann agus cumainn foirne.

Caibidil 5 Spriocanna agus Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Sprioc 1 Forbairt agus Trádáil Agraibhia i gcreat náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Earnáil agraibhia dírithe ar an tomhaltóir a fhorbairt a bheidh iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta, agus tacú le trádáil táirgí talmhaíochta agus bia agus an trádáil sin a éascú.

Sprioc 2 Sábháilteacht bia, sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí

Deimhin a dhéanamh de na caighdeáin is airde sa tsábháilteacht bia agus i gcosaint an tomhaltóra, i sláinte agus leas ainmhithe agus i sláinte plandaí.

Sprioc 3 Eacnamaíocht agus Timpeallacht na Tuaithe

Forbairt na heacnamaíochta tuaithe agus córais talmhaíochta, foraoiseachta agus táirgthe bia, atá inmharthana agus neamhdhíobhálach don chomhshaol, a chur chun cinn, mar aon le cabhrú le hathrú struchtúrtha.

Sprioc 4 Cur i bhFeidhm Scéimeanna agus Bainistiú Airgeadais

Ár gcuid scéimeanna agus cláracha ar fad a oibriú ar mhodh éifeachtach agus feidhmiúil agus deimhin a dhéanamh de na caighdeáin is airde bainistíochta corparáidí agus airgeadais agus freagrachta inár gcuid gníomhaíochtaí go léir.

Sprioc 5 Cumais Oibriúcháin agus Clár Oibre an Nuachóirithe

Ár gcuid acmhainní, idir dhaonna agus fisiciúil, agus ár gcumas oibriúcháin a fhorbairt agus deimhin a dhéanamh go soláthrófar seirbhís den scoth dár gcustaiméirí idir inmheánach agus sheachtrach, agus polasaí an Rialtais ar dhílárú agus nuachóiriú na seirbhíse poiblí a fheidhmiú.

Sprioc 1. Forbairt agus Trádáil Agraibhia i gcreat náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Earnáil agraibhia dírithe ar an tomhaltóir a fhorbairt a bheidh iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta, agus tacú le trádáil táirgí talmhaíochta agus bia agus an trádáil sin a éascú.

Beidh forbairt na hearnála agraibhia ag brath go mór ar a cumas a bheith nuálach agus iomaíoch. Is mó éilimh a dhéanann tomhaltóirí ó thaobh fiúntas cothaitheach, sábháilteacht, ardchaighdeán agus praghas an bhia de, agus beidh todhchaí an tionscail agraibhia in Éirinn á chinneadh go príomha ag a chumas na ceanglais sin a chomhlíonadh le táirgí nuálacha ag praghsanna iomaíocha. Beidh todhchaí na hearnála faoi thionchar suntasach freisin ag caighdeán na ceannaireachta a thabharfaidh an Roinn agus a cumas creat polasaí fabhrach a bhaint amach san AE agus sa WTO agus i gcomhlachaí rialaitheacha idirnáisiúnta eile.

Táscairí Feidhmíochta Ard-Leibhéil

a) Toradh chaibidlíocht AE/WTO do thalmhaíocht agus foraoiseacht na hÉireann.

b) Luach/toirt na n-onnmhairí agraibhia

c) An méid a fheidhmeofar Phlean Gníomhaíochta Agraifhís 2015

d) Luach aschur/onnmhairithe na dtáirgí bia ullmhaithe tomhaltóirí.

Uimhir	Gníomhartha Straitéiseacha	Táscairí Feidhmíochta
1.1	Leasanna na hearnála agraibhia a chur chun cinn agus a chosaint go gníomhach ag leibhéal AE	■ Toradh chaibidlíocht an AE ar earnáil agraibhia na hÉireann
1.2	Leasanna na hearnála agraibhia agus cuspóirí polasaí náisiúnta eile a chur chun cinn ag an WTO agus ag fóraim eile ar nós an OECD, Codex, OIE, FAO, etc.	■ Toradh earnáil agraibhia na hÉireann ag caibidlíocht an WTO agus ag fóraim eile.
1.3	Plean Gníomhaíochta do Thuarascáil Agraifhís 2015 a fheidhmiú	■ An méid a fheidhmeofar Plean Gníomhaíochta Agraifhís 2015 ■ Feidhmiú Chlár Forbartha an Tionscail Bhia
1.4	Polasaithe agus cláir náisiúnta a fhorbairt a chuireann iomaíochas, éifeachtacht, dearbhú cáilíochta agus forbairt na hearnála agraibhia chun cinn agus a chuireann taca fúthu.	■ GVA den tionscal talmhaíochta, gortóireachta, foraoiseachta agus bia ■ Luach/toirt na n-onnmhairí agraibhia
1.5	Tacú le claonadh margaidh, táirgiúlacht agus nuálacht i dtalmhaíocht, foraoiseacht agus bia	■ Roinnt tionscadal taighdee maoinithe faoi chláir taighde na hÉrieann agus an A ■ Leibhéal agus ardchaighdeán na rannpháirtíochta i gcomhoibriú idirnáisiúnta
1.6	Na scéimeanna riachtanacha agus na rialuithe reachtaíochta is gá a oibriú chun a chinntiú go gcomhlíonann na hionchuir phríomha sa talmhaíocht na ceanglais reachtúla	■ A mheid a chomhlíontar na ceanglais reachtúla

1.7	Tacaíocht don tionscal agraibhia ina iarrachtaí margaí onnmhairithe a choinneáil agus a leathnú	■ Éifeacht na ngníomhartha a glacadh chun margaí a chothabháil agus a dhaingniú
1.8	Tacú le treo táirgiúlachta agus nuálachta margaidh sa talmhaíocht, foraoiseacht agus bia	■ An líon tionscadal taighde a mhaoineofar faoi chláir taighde na hÉireann agus an AE Leibhéal agus caighdeán na rannpháirtíochta i gcomhoibriú idirnáisiúnta
1.9	Comhoibriú Thuaidh Theas i gcomhthéacs an NSMC a chur chun cinn go gníomhach agus an clár oibre comhaontaithe i dtalmhaíocht agus i bhforaoiseacht a chur i bhfeidhm agus comhoibriú Thuaidh/Theas a chur chun cinn ar shlite eile sna hearnálacha sin	■ An líon tionscnamh polasaí Thuaidh/Theas a feidhmíodh agus a mhéid a feidhmíodh iad.
1.10	Páirt a ghlacadh in iarrachtaí chabhair forbartha na hÉireann tríd an mbaint atá againn le FAO agus WFP agus fóraim eile	■ Éifeacht na ranníoca airgeadais le FAO agus WFP

Sprioc 2 Sábháilteacht bia, sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí

Deimhin a dhéanamh de na caighdeáin is airde sa tsábháilteacht bia agus i gcosaint an tomhaltóra, i sláinte agus leas ainmhithe agus i sláinte plandaí.

Tá caighdeáin arda a choinneáil sna réimsí seo riachtanach don tsláinte phoiblí agus lena chinntiú go leanfaimid de bhonn éifeachtach a bheith againn ónar féidir tionscal rathúil agraibhia a fhorbairt tuilleadh. Caithfidh córais éifeachtacha rialaithe a bheith mar bhonn taca le táirgeadh bia sábháilte. Is ceist thábhachtach é caighdeán ard sláinte agus leas ainmhithe a chothabháil ina cheart féin agus is ceanglas criticiúil é d'fhorbairt trádála. Tá stádas ard sláinte plandaí ag Éirinn freisin, a dtacaímid leis trí chlár rialuithe agus iniúchtaí.

Táscairí Feidhmíochta Ard-Leibhéil

a) Stádas sábháilteachta bia, sláinte agus leas ainmhithe agus sábháilteachta beatha mar a léirítear le tuarascálacha fíordheimhnithe seachtracha m.sh. FSAI, FVO

b) Sláinte feabhsaithe ainmhithe arna fhianú ag athruithe i dtarluithe galair

c) Athruithe i stádas sláinte plandaí arna fhianú ag athruithe i dtarluithe galair

d) An leibhéal a chloítear le córais rialaithe rialaitheacha lena n-áirítear bearta tras-chomhlíonta

Uimhir	Gníomhartha Straitéiseacha	Táscairí Feidhmíochta
2.1	Cláir éifeachtacha monatóireachta, iniúchta agus rialaithe sábháilteachta bia a chothabháil agus a fhorbairt ag leibhéal próiseála an táirgeora príomha chomh maith le heintiteis tráchtála eile ar fud réimsí oibríochta na Roinne ar fad.	■ An leibhéal paitiginí a iompraítear ar bhia ■ An luas a bhfreagraítear do tharluithe sábháilteachta bia, ■ An leibhéal faire a dhéantar agus na sáruithe a braitheadh, ■ An líon ionchúiseamh a dhéantar, ■ Sástacht custaiméirí arna tomhas le hiniúchóireacht agus torthaí eile.
2.2	Rannpháirteach i bhforbairt reachtaíochta nua sábháilteachta bia, sláinte agus leasa ainmhithe agus sláinte plandaí ag leibhéal náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta, agus tionchar a imirt ar an bhforbairt sin.	■ A mhéid a léiríonn an reachtaíocht leasanna na hÉireann
2.3	Cur chun cinn agus forfheidhmiú chórais feabhsaithe aitheantais ainmhithe/táirgí agus rianadh siar chun tacú le sábháilteacht bia agus sláinte agus leas ainmhithe.	■ An leibhéal inriantachta a baineadh amach bunaithe ar iniúchóireacht inmheánach/sheachtrach agus córais mheastóireachta.
2.4	Tacaíocht do thaighde i sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus sónóis, agus an taighde sin a chur chun cinn	■ An líon/scála tionscadal sábháilteachta bia faoi FIRM ■ An líon clár comhoibritheach le FSAI agus FSPBB ■ Tionchar an taighde ar fheidhmiú rialuithe sláinte ainmhithe agus sónóis

2.5	Na tionscnaimh sláinte ainmhithe is cuí a fhorbairt, a chur chun cinn agus a fheidhmiú, lena n-áirtear faire, rialú agus díothú mar thacaíocht don tsábháilteacht bia, do shláinte ainmhithe agus do tháirgeadh inbhuanaithe beostoic.	■ Athruithe sna paraméadaid do thomhas sláinte ainmhithe ■ Na leibhéil faire ■ An líon tionscnamh bith-shlándála ag leibhéal feirme
2.6	Monatóireacht ar na córais rialaithe do ghalair atá liostaithe ag OIE	■ Pleananna teagmhasacha athbhreithnithe ■ Cleachtaí oiliúna insamhlúcháin a tionóladh
2.7	Caighdeáin sláinte agus leas ainmhithe a chur chun cinn agus comhlíonadh na rialachán sin a dhaingniú.	■ Leibhéal comhlíonta ■ Feidhmiú phróifíliú tréada mar chóras luath-rabhaidh
2.8	Seirbhísí éifeachtacha saotharlainne a sholáthar ar chúiseanna faire, fáthmheasa, taighde agus rialaithe	■ An líon saotharlann creidiúnaithe ■ An líon agus an raon tástálacha a soláthraíodh i gcláir faire ■ Scóip agus raon na seirbhísí fáthmheasa a soláthraíodh ■ Leathadh amach na gcóras faisnéise geallshealbhóra ag baint úsáide as IT
2.9	Seirbhís sláinte plandaí éifeachtach agus éifeachtúil a oibriú, lena n-áirítear feidhmiú an Phlean Iniúchta Bliantúil um Shláinte Plandaí	■ Athrú i stádas sláinte plandaí
2.10	Sláinte an Eastáit Náisiúnta Foraoiseachta a chothabháil	■ Tarlú galair san Eastát Náisiúnta Foraoiseachta

Sprioc 3 Eacnamaíocht agus Timpeallacht na Tuaithe

Forbairt na heacnamaíochta tuaithe agus córais talmhaíochta, foraoiseachta agus táirgthe bia, atá inmharthana agus neamhdhíobhálach don chomhshaol, a chur chun cinn, mar aon le cabhrú le hathrú struchtúrtha.

Tá an méid uasta líonta tí feirme a chothabháil agus an comhshaol a chosaint agus tacú leis na córais inbhuanaithe talmhaíochta mar chodanna ríthábhachtacha dár n-obair. Tá an eacnamaíocht agus timpeallacht na tuaithe múnlaithe go suntasach ag córais talmhaíochta agus foraoiseachta, agus tá freagracht orainn a chinntiú go soláthraíonn an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht bonn daingean do dhul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta agus go bhforbraítear a chórais ar shlí inbhuanaithe don chomhshaol.

Táscairí Feidhmíochta Ard-Leibhéil

a) Rátaí rannpháirtíochta i scéimeanna inbhuanaithe atá oiriúnach don chomhshaol
b) Toradh na caibidlíochta ar chreat tacaíochta Fhorbairt Tuaithe an AE 2007-2013
c) An leibhéal a chloítear le bearta tras-chomhlíonta
d) An méid líonta tí agus leibhéil ioncaim
e) An méid a chuireann an earnáil foraoiseachta leis an eacnamaíocht tuaithe

Uimhir	Gníomhartha Straitéiseacha	Táscairí Feidhmíochta
3.1	Polasaithe, scéimeanna agus seirbhísí a fhorbairt agus a fheidhmiú a chuideoidh a) le heacnamaíocht tuaithe a bhuanú, b) leis an méid líonta tí feirme a uasmhéadú c) le hathrú struchtúrtha a éascú	■ Méid agus leibhéil ioncaim na líonta tí feirme ■ Meánmhéid feirme ■ Comhdhlúthú gabháltas
3.2	Cur le feidhmiú na Straitéise Náisiúnta Frith-Bhochtaine i gcomhoibriú le rannpháirtithe eile sa Straitéis.	■ Feidhmíocht i gcomparáid le spriocanna bochtaine do líonta tí tuaithe
3.3	Bearta tras-chomhlíonta a fheidhmiú tríd an Scéim Íocaíochta Aonair	■ An leibhéal a chloítear le bearta tras-chomhlíonta
3.4	Tacaíocht do sheachadadh tiomantas sna hearnálacha talmhaíochta agus foraoiseachta i leith na Straitéise um Athrú Aeráide (Kyoto), Prótacal Gothenburg agus polasaithe iomchuí eile	■ Dul chun cinn ar thiomantais seachadta arna gcomhaontú ag an Rialtas iomchuí leis an Roinn seo
3.5	Idirchaidreamh éifeachtach le Teagasc, COFORD agus le gníomhaireachtaí eile chun cláir oiliúna agus taighde a chabhróidh le taca a chur faoi tháirgeadh inbhuanaithe talmhaíochta agus foraoiseachta a spreagadh agus a fhorbairt agus an eacnamaíocht agus an timpeallacht tuaithe a chosaint.	■ Leibhéal rannpháirtíochta ag teaghlaigh tuaithe i - gcláir oiliúna, - gcláir oideachais - gcláir athstiúrtha

3.6	Bearta a fheidhmiú ag tacú le feirmeoireacht atá oiriúnach don chomhshaol, le caomhantas agus le bithéagsúlacht	■ Rátaí rannpháirtíochta i - REPS - Scéimeanna Bhainistiú Cothaithe Feirme - Feirmeoireacht orgánach
3.7	Forbairt earnála foraoiseachta inbhuanaithe a fheabhsú trí scéimeanna deontais/préimhe foraoiseachta agus bearta eile	■ A mhéid a bheidh spriocanna plandála bainte amach ■ An méid a chuireann an earnáil foraoiseachta leis an timpeallacht tuaithe ■ Dul chun cinn bainte amach i dtáirgí foraoiseachta a mhargú ■ Méadú in éagsúlacht speiceas
3.8	Feidhmiú Thuarascáil Ghrúpa Comhairleach ar Mhná i dTalmhaíocht	■ An leibhéal feidhmithe atá curtha i gcrích

Sprioc 4 Cur i bhFeidhm Scéimeanna agus Bainistiú Airgeadais

Ár gcuid scéimeanna agus cláracha ar fad a oibriú ar mhodh éifeachtach agus feidhmiúil agus deimhin a dhéanamh de na caighdeáin is airde bainistíochta corparáidí agus airgeadais agus freagrachta inár gcuid gníomhaíochtaí go léir.

Is eol don Roinn an tábhacht a bhaineann le seirbhís íocaíochta mear agus éifeachtach a sholáthar do chustaiméirí agus táimid tiomanta caighdeáin arda ár bPlean Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaiméirí a chomhlíonadh. Is eol dúinn freisin ár n-oibleagáid cosc a chur mí-úsáid cistí poiblí agus cuntasacht a chinntiú fad a bhíonn trédhearcacht agus rialuithe éifeachtacha á gcothabháil. Chun sin a bhaint amach tá córais daingne de bhainistiú airgeadais forbartha againn ag réimsiú ó tháirgeadh nósanna imeachta inmheánacha airgeadais ag corprú caighdeáin sárchleachtais go dtí suiteáil chóras cuntasaíochta a chomhlíonann MIF, clár oiliúna MIF, clár bainistíochta riosca fiontair agus cláir chuimsitheacha iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí.

Táscairí Feidhmíochta Ard-Leibhéil

a) A mhéid atá íocaíocht agus spriocdhátaí seirbhíse arna sonrú i CSAP agus sa Phrótacal bainte amach

b) Caighdeán ard bhainistiú agus rialuithe airgeadais a chothabháil faoi mar atá fíordheimhnithe sna gníomhaireachtaí monatóireachta seachtraí m.sh. tuarascálacha iniúchóireachta, Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, etc.

Uimhir	Gníomhartha Straitéiseacha	Táscairí Feidhmíochta
4.1	Seachadadh éifeachtach CAP, scéimeanna náisiúnta agus beart faoin bPlean Forbartha Náisiúnta a chinntiú de réir na bprionsabal agus na spriocanna atá leagtha amach inár bPlean Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaiméirí	■ Spriocamanna, nósanna imeachta agus prótacail a chomhlíonadh, lena n-áirítear an Prótacal ar Íocaíochtaí Díreacha le Feirmeoirí agus na spriocanna atá sa Phlean Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaiméirí
4.2	Na caighdeáin is airde bhainistiú airgeadais, fála agus bhailiú ioncaim a oibriú chun lánchomhlíonadh na gceanglas airgeadais, iniúchtóireachcta agus rialaithe AE agus náisiúnta a chinntiú.	■ Toradh na dtuarascálacha iniúchóireachta ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánach, An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, comhlacht deimhnithe FEOGA, an Coimisiún Eorpach agus Cúirt Iniúchóirí an AE.
4.3	Leanúint de na príomhrioscaí atá roimh an Roinn a shainaithint trí chlár bainistíochta riosca fiontair cuimsitheach a oibriú	■ Cáilíocht an chlár riosca arna fhianú ag tuarascálacha an Choiste inmheánach Bainistíochta Riosca agus ag an gCoiste seachtrach Iniúchóireachta
4.4	An Creat Faisnéise Bainisteoireachta a fheidhmiú go hiomlán	■ An MIF feidhmithe de réir an phlean MIF ■ Cáilíocht agus úsáid na dtuarascálacha bainisteoireachta a tháirgfear agus an éifeacht ar chinntí acmhainne

4.5	Tabhairt faoi mheastóireachtaí rialta ar phríomhréimsí caiteachais tríd an gclár athbhreithnithe caiteachais	■ Cion den chaiteachas measta ■ Gníomhartha a glacadh ar an athbhreithniú caiteachais
4.6	Athrú próisis a chur chun cinn mar atá sainaitheanta sa straitéis oibríochta ICT chun úsáid éifeachtach acmhainní a chinntiú	■ Athdhearadh críochnaithe ar phríomhphróisis oibríochta atá sainaitheanta ■ Tionchar athruithe próisis ar oibríochtaí
4.7	Úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun rioscaí ar scéimeanna a sheacaidímid a aithint go héifeachtach agus rialú a fheidhmiú dá réir	■ A mhéid a shaothraítear deiseanna teicneolaíochtaa nua d'éifeachtacht agus rialú níos mó ■ A mhéid a shaothraítear na sonraí atá cheana ann i gcomhair bhainistiú rioscaí

Sprioc 5: Cumais Oibriúcháin agus Clár Oibre an Nuachóirithe

Ár gcuid acmhainní, idir dhaonna agus fisiciúil, agus ár gcumas oibriúcháin a fhorbairt agus deimhin a dhéanamh go soláthrófar seirbhís den scoth dár gcustaiméirí idir inmheánach agus sheachtrach, agus polasaí an Rialtais ar dhílárú agus nuachóiriú na seirbhíse poiblí a fheidhmiú..

Tá an Roinn tiomanta clár oibre an nuachóirithe a fhorbairt lena chinntiú go soláthraítear seirbhís ar ardchaighdeán do na custaiméirí go léir. Leanaimid de bheith ag athbhreithniú struchtúr eagraíochtúil na Roinne, agus de bheith á fheabhsú, mar aon leis na próisis oibre, na córais agus na seirbhísí tacaíochta a bhíonn in úsáid, chomh maith leis an straitéis faisnéise agus cumarsáide a glacadh agus na sásraí atá riachtanach chun ár n-acmhainní daonna agus fisiciúla a fhorbairt. Cinntíonn sé sin go mbainfimid ár spriocanna agus ár gcuspóirí amach go héifeachtach agus go héifeachtúil. Éilíonn sé freisin go nglacfadh an Roinn cur chuige straitéiseach i leith acmhainní bainistíochta i bhfianaise na n-athruithe foirne agus eagraíochtúla ag eascairt as an gclár díláraithe agus as ceisteanna trasrannacha eile.

Táscairí Feidhmíochta Ard-Leibhéil

a) Na míreanna iomchuí den Chlár don Rialtas agus Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn a fheidhmiú

b) An plean gníomhaíochta díláraithe a fheidhmiú

c) Tuarascálacha sástachta ó Grúpa Fíordheimhnithe Fheidhmíocht na Státseirbhíse

d) Feidhmiú an chláir oibre do rialachas corparáideach, m.sh. CSAP, Straitéis HR, Straitéis ICT, Straitéis Oiliúna, treoirlínte do Phleanáil Gnó, etc.

e) Bainistiú an chláir don athrú agus saincheisteanna trasrannacha

Uimhir	Gníomhartha Straitéiseacha	Táscairí Feidhmíochta
5.1	Feidhmiú agus monatóireacht ar an gClár don Rialtas agus na tiomantais in Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn	■ Méid an tseachadta ar thiomantais ■ Tuarascálacha sástachta ón CSPVG
5.2	Plean Gníomhaíochta Díláraithe an Rialtais a fheidhmiú	■ Dul chun cinn ar phlean feidhmithe díláraithe an Rialtais ■ Éifeacht an díláraithe ar sheachadadh seirbhísí agus ar straitéisí corparáideacha
5.3	Struchtúir agus próisis na Roinne a scrúdú i bhfianaise an díláraithe, na hÍocaíochta Aonair agus athruithe eile	■ Athbhreithnithe a rinneadh agus na príomhathruithe a cuireadh i gcrích ■ Athbhreithniú déanta ar lámhleabhair nósanna imeachta do gach Rannán faoi dheireadh 2005
5.4	Forbairt na pleanála straitéisí laistigh de gach rannán agus laistigh den Roinn a fheabhsú	■ Pleananna Gnó Bliantúla arna dtabhairt chun críche agus arna n-athbhreithniú laistigh de na spriocdhátaí ■ Próisis PMDS tugtha chun críche laistigh de na spriocdhátaí ■ An líon doiciméad polasaí straitéisigh a tháirgtear ■ Athbhreithniú déanta ar lámhleabhair nósanna imeachta do gach Rannán faoi dheireadh 2005

5.5	An Straitéis Acmhainní Daonna a fheidhmiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis i bhfianaise athruithe reachtúla agus eile	■ A mhéid a chuirfear polasaithe tosaíochta HR i bhfeidhm ■ Polasaí/próisis HR athbhreithnithe chun reachtaíocht nua a chur san áireamh agus na hathruithe riachtanacha a chur i bhfeidhm
5.6	An Straitéis Oiliúna nua a thabhairt chun críche agus a chur i bhfeidhm	■ An Straitéis Oiliúna curtha i bhfeidhm ■ An leibhéal rannpháirtíochta agus sástachta ag an mbainistíocht agus ag rannpháirtithe le cláir oiliúna
5.7	Seirbhís feabhsaithe ar ardchaighdeán a sholáthar don chustaiméir inmheánach agus don chustaiméir seachtrach	■ A mhéid a chomhlíontar cuspóirí/ spriocamanna (fiosruithe Saorála Faisnéise agus Ombudsman san áireamh) sa Phlean Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaiméirí ■ Toradh an chláir monatóireachta CSAP
5.8	Leanúint de bheith ag forbairt cumarsáidí inmheánacha agus seachtracha chun feasacht ar ghníomhaíochtaí agus scéimeanna a dhéanann an Roinn a fheabhsú	■ An líon agus réimsí foilseachán/ mionfhaisnéisithe ■ Aiseolas ó chustaiméirí inmheánacha/ seachtracha
5.9	Seirbhísí dlíthiúla a sholáthar do rannáin iomlána na Roinne agus i gcomhoibriú le Rannáin agus gníomhaireachtaí dlíthiúla Stáit eile, bainistiú a dhéanamh ar ionchúiseamh agus cosaint dlíthíochta ina mbíonn an Roinn páirteach	■ A mhéid a chuirtear reachtaíocht phríomha/thánaisteach chun cinn ■ Dlíthíocht ina mbíonn an Roinn páirteach a thabhairt chun críche go tráthúil agus go héifeachtach
5.10	Córais agus bonneagar IT cobhsaí agus slán ar ardchaighdeán a chothabháil agus a sheachadadh chun tacú lenár gcroí-ghnó	■ Saoráidí dóthanacha IT, lena n-áirítear deasc cúnaimh éifeachtach a bheith ar fáil don fhoireann ar fad ■ Íosam íosta ■ Córais ICT a sheachadadh chuig sonraíochtaí
5.11	Leanúint de straitéis ríomhsheirbhísí an Rialtais lena chinntiú go mbíonn gach seirbhís shuntasacha atá oiriúnach lena soláthar trí chainéil leictreonacha ar fáil do chustaiméirí.	■ An líon seirbhísí a sholáthraítear trí chainéil leictreonacha ■ An líon próiseas atá lánpháirtithe le córais cliant
5.12	Seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar d'Airí agus d'Airí Stáit lena n-áirítear mionfhaisnéisiú cuí, comhairle, ábhar do cheisteanna Dála agus óráidí	■ Leibhéal na seirbhíse a soláthraíodh ■ Aiseolas a tugadh don bhainistíocht shinsearach
5.13	Sásraí comhairleach agus comhordaithe a fhorbairt agus a chothabháil chun cinntí éifeachtacha trasrannacha a chinntiú	■ Comhordú éifeachtach ar pholasaithe tras-rannacha
5.14	Rialú agus treoracha rialachais chorparáidigh a fheidhmiú	■ Tuarascálacha sásúla ón CSPVG agus ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste



Caibidil 6 Príomh-Naisc

Tá réimse freagrachta leathan ag an Roinn seo a chlúdaíonn raon leathan saincheisteanna eacnamaíochta agus sóisialta. Tá feidhmiú rathúil ár spriocanna agus straitéisí ag brath cuid mhór ar chur chuige comhordaithe ó roinnt Ranna agus gníomhaireachtaí. Is ann do shásraí éagsúla chun chaidrimh oibre chriticiúla le hinstitiúidí an AE, Ranna Rialtais iomchuí, comhlachtaí Stáit agus na forais Thuaidh/Theas a éascú.

6.1 Naisc Oireachtais agus Rialtais

Tá ról lárnach ag an Oireachtas maidir le saincheisteanna a bhaineann le cuntasacht agus trédhearcacht i gcinntí agus i ngníomhartha a dhéanann Ranna agus a nAirí a scrúdú. Bíonn ar an Aire, an tArd-Runaí agus oifigigh ón Roinn ó am go chéile teacht os comhair Coistí Oireachtais. Chomh maith leis sin ceadaíonn cumas na gCoistí féachaint ar athruithe polasaí atá beartaithe agus ar dhréacht-reachtaíocht ag eascairt as Coimisiún an AE agus Comhairle na nAirí do scrúdú níos iomláine ar athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh i ndlí agus nósanna imeachta na hÉireann agus na héifeachtaí agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith leo. Is comhalta den Choiste Comh-Aireachta ar Ghnóthaí Eorpacha an tAire Talmhaíochta agus Bia agus is comhaltaí den fhoChoiste Idir-Rananch iad oifigigh ón Roinn.

6.2 Naisc Instidiúideacha AE

Tá ceann de na croí-chaidrimh sa Roinn seo leis na hinstitiúidí AE, go háirithe leis an DG Talmhaíocht, DG Comhshaol, DG Taighde agus i réimse na sábháilteachta bia leis an DG Sláinte agus Cosaint Tomhaltóirí. Oibrímid le hinstitiúidí an AE, go háirithe le Parlaimint na hEorpa agus le Ballstáit eile i bhforbairt agus i bhfeidhmiú polasaí ar thalmhaíocht agus ar fhoraoiseacht. Déantar caibidlíocht agus déanamh polasaí ar nithe a bhaineann le hagraibhia a fhorbairt i gComhairle na nAirí. Déanaimid caibidlíocht chun an polasaí is fabhraí agus an creat tacaíochta a fháil d'Éirinn sa talmhaíocht, sa bhia, san foraoiseacht, san eacnamaíocht tuaithe agus sa timpeallacht tuaithe.

Déantar go leor de na scéimeanna a oibríonn an Roinn seo a mhaoiniú go hiomlán nó i bpáirt ag an AE agus mar thoradh air sin tá sé ríthábhachtach go gcoimeádfaí caidreamh láidir éifeachtach leis na hinstitiúidí AE agus le Ballstáit eile. Tá sé tábhachtach don Roinn tógáil ar an dea-thoil a cruthaíodh i rith na hUachtaránachta chun feabhas a chur ar chaidreamh déthaobhach. Léiríonn ár spriocanna agus ár straitéisí an tábhacht atá leis an AE inár ngníomhaíochtaí go léir.

6.3 Naisc Idirnáisiúnta

Comhoibríonn an Roinn le heagraíochtaí idirnáisiúnta chun tabhairt faoi pholasaithe agraibhia na hÉireann i réimsí éagsúla lena n-áirítear sábháilteacht bia, sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí, trádáil agus cúnamh forbartha. Glacaimid páirt i raon forleathan comhlachtaí lena n-áirítear an WTO, OIE, OECD agus OIV. Bíonn an Roinn rannpháirteach i gcomhlachtaí éagsúla NA; áirítear go sonrach ar na réimsí rannpháirtíochta coistí FAO, UNECE agus an Clár Bia Domhanda.

6.4 Naisc Tras-Rannacha

Éilíonn caibidlíocht agus feidhmiú éifeachtach ar pholasaí rialtais, lena n-áirítear na tiomantais atá comhaontaithe faoin gClár don Rialtas agus ag Coinneáil an Dul Chun Cinn, comhoibriú gníomhach idir Ranna. Leagann an tábla ag deireadh na Caibidle seo amach na príomhcheisteanna polasaí trasrannacha ina rabhamar páirteach.

6.5 Comhlachtaí Stáit

Oibríonn na comhlachtaí Stáit seo a leanas faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta agus Bia.

An Bord Bia
Cólucht Groighe Náisiúnta na hÉireann, Teoranta.
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne
Teagasc
Coillte Teoranta
COFORD

Tá obair na n-eagraíochtaí sin ríthábhachtach do bhaint amach ár spriocanna.

Treisíonn an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais, gur chóir do chomhlachtaí tráchtála stáit pleananna straitéiseacha a chur ar fáil agus gur chóir dóibh, nuair is indéanta sin, cloí le prionsabail athbhreithnithe na seirbhíse ard-chaighdeáin do chustaiméirí nuair a bhíonn siad ag déileáil le cutaisméirí agus le cliaint na seirbhíse poiblí.

Tá Comhlachtaí Stát-Thionscanta Neamhthráchtála faoi réir ag na ceanglais chéanna faoin SMI agus atá Ranna Rialtais.

6.6 Caidreamh Thuaidh/Theas

Bhí an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (NSMC) sa talmhaíocht lárnach chun comhoibriú agus gníomhartha a chur chun cinn ar nithe comhleasmhara. Shainaithin an Chomhairle roinnt príomhcheisteanna agus rinneadh dul chun cinn as cuimse orthu sin. Bhí an obair a rinneadh go dtí seo dírithe ar Straitéis Sláinte Ainmhithe Uile-Oileánda a fhorbairt, mar aon le hidirchaidreamh ar cheisteanna a bhaineann le WTO, CAP agus Méadú an AE agus Straitéis Sláinte Plandaí a fhorbairt. Bíonn cruinniú ag an nGrúpa Idirchaidrimh Foraoiseachta Tras-Teorann uair sa bhliain chun saincheisteanna comhleasmhara foraoiseachta a phlé.

6.7 Saincheisteanna Trasfheidhmeacha

Tugann an struchtúr eagrúcháin reatha atá againn réimsí oibre a bhfuil dlúthghaol eatarthu le chéile agus soláthraíonn línte soiléire de fhreagracht bhainistíochta. Mar sin féin, tagann go leor príomhcheisteanna chun cinn, inár n-obair polasaí agus oibríochta, a thrasnaíonn na línte freagrachta sin agus a éilíonn comhordú leanúnach. Mar shampla, tá foireann ó rannáin sna ceithre phríomh-Ghrúpa ag obair go gníomhach i dtreo críoch coiteann i gceist le feidhmiú thoradh Athbhreithniú Lár-Téarma an CAP, caibidilíocht ar an dá chomhaontú WTO eile agus feidhmiú an chláir díláraithe.

Bíonn comhordú trasfheidhmeach ann trí struchtúir inmheánacha bhuana agus trí ghrúpaí ad-hoc, a bhunaítear de réir mar a bhíonn gá leo. Áirítear ar na struchtúir bhuana an MAC, Coiste Comhordaithe an AE, an Coiste Iniúchta, an Coiste Athbhreithnithe Creidiúnaithe, Coiste Feidhmithe an Díláraithe, Grúpa Comhordaithe an SMI, An Coiste Bainistíochta Riosca, Grúpa Stiúrtha an MIF, Coistí Comhpháirtíochta, Coiste Ríomhsheirbhísí an Rialtais, Coiste Stiúrtha an ICT, An Painéal Idirchaidrimh Tomhaltóirí agus Coiste Bainistíochta ERAD.

Bunaítear grúpaí rialta trasfheidhmeacha de réir mar a bhíonn gá leo chun freagairt do riachtanais speisialta agus oibríonn an fhoireann sna réimsí tréidliachta, gairmiúla/teicniúla agus riaracháin atá i gceist go dlúth le chéile chun freagra comhordaithe a chinntiú.

Is leis an gCoiste Bainistíochta a luíonn an fhreagracht faoi dheireadh thiar lena chinntiú gur ann do na sásraí riachtanacha comhordaithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla sa Roinn chun déileáil le ceisteanna leanúnacha agus aon-uaire trasfheidhmeacha. Faightear cúnamh sa tasc seo ón bpróiseas pleanála oibre sa Roinn ina mbíonn ar rannáin príomhcheisteanna trasfheidhmeacha a shainaithint mar aon leis na sásraí comhordaithe atá ann nó atá riachtanach chun déileáil leo.

Príomh-Naisc

Sprioc	Saincheist	Naisc Roinne/ Gníomhaireachta	Sásra comhordaithe	Naisc AE/ Idirnáisiúnta	Sásra comhordaithe
Sprioc 1. **Forbairt agus Trádáil Agraibhia i gcreat náisiúnta agus Idirnáisiúnta** Earnáil agraibhia dírithe ar an tomhaltóir a fhorbairt a bheidh iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta, agus tacú le trádáil táirgí talmhaíochta agus bia agus an trádáil sin a éascú.	Forbairt agus trádáil agraibhia Comhoibriú Thuaidh-Theas **(An Roinn Ceannais** Roinn an Taoisigh) Gníohaíochtaí NA & Cúnamh Bia (**An Roinn Ceannais** An Roinn Gnóthaí Eachtracha)	Coistí Idir-rannacha & Grúpaí Líonra Roinn an Taoisigh An Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltacha An Roinn Airgeadais CSO An Roinn Gnóthaí Eachtracha Custam & Mál An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta An Bord Bia Cólucht Groighe Náisiúnta na hÉireann, Teoranta. Teagasc Coillte Teoranta Fiontraíocht Éireann COFORD Forbairt na Sionainne ICBF Ollscoileanna An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne	Teagmháil rialta gnó le gníomhaireachtaí liostaithe Teagmháil rialta gnó le gníomhaireachtaí liostaithe Comhairle Comhoibríochta na Gníomhaireachta Bia	Coimisiún an AE (Cion) COREPER Ballstáit eile D/ARDNI NSMC WTO OECD OIE Comhairle Idirnáisiúnta na nGránach Coinbhinsiún WFP/ Chúnamh Bia An Eagraíocht Idirnáisiúnta Siúcra NA – FAO (Go háirithe Codex Almentarius, EPPO agus an Coimisiún d'Acmhainní Géiniteacha do Bhia agus Thalmhaíocht) Coimisiún Eacnamaíoch an AE don Eoraip	Comhairle na nAirí SCA Cruinnithe an Choiste Bainistíochta Grúpaí Oibre Teagmhálacha Aireachta agus teagmhálacha eile le Tuaisceart Éireann Cruinnithe Rialta agus teagmhálacha gnó eile le gníomhaireachtaí liostaithe.

Sprioc	Saincheist	Naisc Roinne/ Gníomhaireachta	Sásra comhordaithe	Naisc AE/ Idirnáisiúnta	Sásra comhordaithe
Sprioc 2. Sábháitleacht bia, sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí. Deimhin a dhéanamh de na caighdeáin is airde sa tsábháilteacht bia agus i gcosaint an tomhaltóra, i sláinte agus leas ainmhithe agus i sláinte plandaí. **An Roinn Ceannais:** Is í an Roinn seo an Roinn Ceannais ach déantar go leor dá feidhmeanna sábháilteachta bia faoi chonradh seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.	**Sábháilteacht Bia** **Sláinte agus Leas Ainmhithe,** **Sláinte Plandaí**	Coistí Idir-rannacha agus Grúpaí Líonra FSAI An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil An Roinn Sláinte agus Leanaí An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta FSPB An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí An Roinn Gnóthaí Eachtracha An Garda Síochána Ambasáidí Na hÚdaráis Poirt agus Aerfoirt Saotharlanna Stáit Teagasc Na Coimisinéirí Ioncaim (Custaim) Coillte Teoranta An Roinn Cumarsáide Mara agus Acmhainní Nádúrtha Ollscoileanna Bord Fáilte	Teagmháil FSAI Teagmhálacha rialta gnó leis na gníomhaireachtaí atá liostaithe	Ballstáit eile An Coimisiún DG Gnóthaí Sláinte agus Tomhaltóirí Comhairle D/EFRA D/ARDNI An Rúnaíocht Thuaidh/Theas FVO OIE EFSA An Chónaidhm Idirnáisiúnta Déiríochta EPPO USDA IPPC An Ghníomhaireacht um Shaotharlanna Tréidliachta Codex Alimentarius Saotharlann Tréidliachta MS. Institiúid Taighde Moredum Saotharlanna Tagartha an AE	Comhairle na nAirí SCA Cruinnithe an Choiste Bainistíochta Grúpaí Oibre Buanchoiste an AE ar an mBiashlabhra agus ar Shláinte Ainmhithe Buanchoiste an AE ar Shláinte Plandaí Teagmhálacha aireachta agus ardleibhéil eile le Tuaisceart Éireann Cruinnithe rialta gnó leis na gníomhaireachtaí atá liostaithe Seisiúin Oiliúna, de réir mar is cuí

Sprioc	Saincheist	Naisc Roinne/ Gníomhaireachta	Sásra comhordaithe	Naisc AE/ Idirnáisiúnta	Sásra comhordaithe
Sprioc 3 Eacnamaíocht agus Timpeallacht naTuaithe Forbairt na heacnamaíochta tuaithe agus córais talmhaíochta, foraoiseachta agus táirgthe bia, atá inmharthana agus neamhdhíobhálach don chomhshaol, a chur chun cinn, mar aon le cabhrú le hathrú struchtúrtha. **An Roinn Ceannais:** Is í an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil an Roinn ceannais i saincheisteanna Comhshaoil. Is í an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta an Roinn Ceannais ar fhorbairt tuaithe. Is í an Roinn an Roinn ceannais i ndáil le forbairt ar fheirmeoireacht inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus tras-chomhlíonadh cigireachta.	**Eacnamaíocht agus Timpeallacht naTuaithe**	Coistí Idir-Rannacha agus Grúpaí Líonra Roinn an Taoisigh An Roinn Airgeadais An Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha An Roinn Sláinte An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Teagasc An Chomhairle Náisiúnta Oidhreachta & NPWS Coillte agus Coford Na hÚdaráis Áitiúla Na Boird Iascaigh Réigiúnacha	Teagmhálacha rialta gnó leis na gníomhaireachtaí atá liostaithe	OECD NA agus Gníomhaireachtaí Bainteacha FAO MCPFE CB UNFF	Cruinnithe rialta agus teagmhálacha eile gnó leis na gníomhaireachtaí atá liostaithe

Sprioc	Saincheist	Naisc Roinne/ Gníomhaireachta	Sásra comhordaithe	Naisc AE/ Idirnáisiúnta	Sásra comhordaithe
4. Cur i bhFeidhm Scéimeanna agus Bainistiú Airgeadais Ár gcuid scéimeanna agus cláracha ar fad a oibriú ar mhodh éifeachtach agus feidhmiúil agus deimhin a dhéanamh de na caighdeáin is airde bainistíochta corparáidí agus airgeadais agus freagrachta inár gcuid gníomhaíochtaí go léir.	**Cur i bhFeidhm Scéimeanna agus Bainistiú Airgeadais**	Coistí Idir-Rannacha & Grúpaí Líonra An Roinn Airgeadais An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (An tAonad Frith-Chalaoise) Oifig na nOibreacha Poiblí (GSA) Údaráis Áitiúla An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste NTMA An Banc Ceannais An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil CSO NPWS Comhlacht Deimhnithe Teagasc Tionóil Réigiúnacha an BMW agus an S&E An Coiste Conarthaí Rialtais Na Coimisinéirí Ioncaim/Custaim	Teagmhálacha rialta gnó leis na gníomhaireachtaí atá liostaithe Cruinnithe Ad-hoc	Coimisiún (DGanna éagsúla) D/ARDNI NSMC Ballstáit AE eile Comhdháil Stiúrthóirí na nGníomhaireachtaí Íocaíochta OLAF Cúirt na nIniúchóirí	Comhairle an nAirí SCA Cruinnithe an Choiste Bainistíochta Grúpaí Oibre Teagmhálacha airí agus teagmhálacha ardleibhéil eile le Tuaisceart Éireann Cruinithe rialta agus teagmhálacha gnó eile leis na gníomhaireachtaí atá liostaithe Iniúchtaí

Sprioc	Saincheist	Naisc Roinne/ Gníomhaireachta	Sásra comhordaithe	Naisc AE/ Idirnáisiúnta	Sásra comhordaithe
5. Cumais Oibriúcháin agus Clár Oibre an Nuachóirithe Ár gcuid acmhainní, idir dhaonna agus fisiciúil, agus ár gcumas oibriúcháin a fhorbairt agus deimhin a dhéanamh de go soláthrófar seirbhís den scoth dár gcustaiméirí idir inmheánach agus sheachtrach, agus polasaí an Rialtais ar dhílárú agus nuachóiriú na seirbhíse poiblí a fheidhmiú.	**Acmhainní Daonna, Seirbhísí do Chustaiméirí. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, Seirbhísí Dlí SMI**	Coistí Idir-Rannacha agus Grúpaí Líonra An Roinn Airgeadais Roinn an Taoisigh CSPVG An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta Comhlachtaí Poiblí Oifig na nOibreacha Poiblí CMOD HSA Oifig an Ard-Aighne Príomh-Aonad Polasaí Saorála Faisnéise Na Coimisinéirí Ioncaim Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit Ceardchumainn na Státseirbhíse An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	Teagmháil rialta gnó le gníomhaireachtaí liostaithe Ard-Chomhairle	Grúpa Panta Rhei (Ceann IT do Ghníomhaireachtaí Íoca FEOGA)	Cruinnithe débhliantúla Panta Rhei agus teagmhálacha neamhfhoirmiúla le gníomhaireachtaí aonair

Caibidil 7 Forfheidhmiú, Monatóireacht agus Athbhreithniú

Cuireann an Roinn le Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn an Chláir don Rialtas. Mar is amhlaidh le gach Roinn Rialtais, cuirimid tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn chuig an CSPVG ar chlár nuachóirithe ag Coinneáil an Dul Chun Cinn. Déanaimid monatóireacht freisin ar dhul chun cinn ar na Tionscnaimh Speisialta agus ar Chaibidil Talmhaíochta Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn tríd an tsaoráid idirlín "beo", a bhfuil rochtain ag gach páirtí leasmhar iomchuí air, a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach agus cur leis na tuarascálacha ar dhul chun cinn a thíolactar do na Comhpháirtithe Sóisialta ag a gcruinnithe ráithiúla.

Tugann an Ráiteas seo mionsonraí ár spriocanna agus ár straitéisí, agus leagann amach na táscairí a mbeidh an Roinn á meas ina dtaobh i rith na chéad trí bliana eile amach romhainn. Éileoidh feidhmiú rathúil na spriocanna agus na straitéisí seo díograis agus tiomantas ag gach leibhéal. Sa chomhthéacs seo, tá an Ráiteas Straitéise ábhartha do gach duine den fhoireann. Tá ceangal láidir idir forbairt straitéise, pleanáil ghnó agus seachadadh seirbhíse.

Agus an Ráiteas Straitéise seo á ullmhú, cuireadh tuairimí agus moltaí na foirne san áireamh a mhéid a d'fhéadfaí, go háirithe i ndáil leis an ngá atá le spriocanna, straitéisí agus táscairí feidhmíochta an ráitis a nascadh go comhtháitheach leis an obair phraiticiúil a bhaineann le pleanáil ghnó a fhorbairt agus a fheidhmiú laistigh den Roinn. Tá an próiseas comhairliúcháin feabhsaithe ag oiliúint PMDS, a raibh feasacht níos mó ó thaobh na foirne ar shaincheisteanna a bhaineann le réimsí oibre féin mar thoradh air mar aon leis an ngá gach mír den bhainistíocht straitéiseach a lánpháirtiú i soláthar seirbhíse dár gcustaiméirí go léir.

Ag leibhéal Rannáin, tógann na Pleananna Gnó ar chlár daingean bliantúil de ghníomhartha chun straitéisí a chur i bhfeidhm agus ár spriocanna a bhaint amach. Ina seal féin, baintear úsáid as na Pleananna Gnó sin mar bhonn do chláir oibre aonair na ndaoine ar an bhfoireann ina Ról-Phróifílí. Cabhraíonn pleananna gnó bliantúla freisin linn féachaint ar straitéis agus ar phleanáil mar chleachtadh leanúnach agus cabhróidh sé linn freagra níos solúbtha a thabhairt ar thimpeallacht atá ag athrú.

Déanfaidh an MAC an Ráiteas Straitéise a athbhreithniú faoi dhó sa bhliain ar a laghad, maidir lena fheidhmiú. Chomh maith leis sin, déanfaidh an Coiste Bainistíochta (MAC) athbhreithniú go tréimhsiúil ar dhul chun cinn, i gcomhairle leis na Cinn Rannáin. Ag Leibhéal Rannáin, déanfaidh na Cinn Rannáin agus a bhfoireann athbhreithniú ar Phleananna Gnó ar bhonn leanúnach.

Is é an sásra eile chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú ár straitéise ná Tuarascáil Bhliantúil na Roinne a thaispeánann anois an dul chun cinn i mbaint amach ár spriocanna. Méadaíonn an cineál cur i láthair sin trédhearcacht agus cuntasacht agus cabhraíonn sé linn na torthaí faoi gach sprioc a fheiceáil go soiléir.

I measc sásraí eile a bhíonn in úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar ár Ráiteas Straitéise áirítear athbhreithnithe polasaí a dhéantar laistigh den Roinn, ár gclár Bhainistiú Riosca, An Creat Faisnéise Bainisteoireachta agus an clár ar athbhreithnithe caiteachais. Cabhraíonn siad seo linn aon athruithe i mbéim polasaí agus i leithdháileadh acmhainní a thabhairt chun suntais. Leanfaidh aiseolas ónár bPainéal Idirchaidrimh Tomhaltóirí, ó shuirbhéithe cliant agus ó choistí éagsúla sa Roinn de bheith ag cur faisnéise ar fáil dár bpolasaithe agus dár seirbhísí agus de bheith á bhforbairt.

Iarscríbhinn 1: Cairt Eagraíochta

- Ard-Rúnaí T Moran
  - Polasaí
    - **J Beecher**
      Rúnaí Cúnta
      Forbairt an Tionscail Bhia & Polasaí Barr Eacnamaíocht & Pleanáil
      - Polasaí Feola – P Carroll
      - Sláinteachas Feola & Seachtháirgí Ainmhithe – A Irving
      - Polasaí Bainne – M Heraghty
    - **M Heraghty**
      Rúnaí Cúnta
      Gnóthaí Corparáideacha, Forbairt an Tionscail Bhia & Polasaí Barr
      - Forbairt an Tionscail Bhia – M Byrne
      - Idirchaidreamh i Sábháilteacht Bia – J Shortall
      - Polasaí Barr & Comhlachtaí Stáit – B O'Neill
      - Gnóthaí Corparáideacha/Saoráil Faisnéise – A Murray
  - Sábháilteacht Bia agus Táirgeadh
    - **P Rogan**
      Príomhoifigeach Tréidliachta

      Leas-Phríomhoifigigh Tréidliachta
      M Blake
      M Sheridan
      M O'Sullivan

      Stiúrthóir, Saotharlanna Taighde Tréidliachta
      J Ferris
      - RVO an Iarthuaiscirt – O McDonagh
      - RVO an Oirthuaiscirt – M Fallon
      - RVO an Iardheiscirt – P Flanagan
      - RVO an Oirdheiscirt – J Murray
      - ERAD – Brúsalóis – G O'Hagen
      - ERAD – Eitinn – M Good
      - Mairteoil agus Caoireoil – P B Walsh
      - Trádáil, an tAE, Galair Aicme A – W McAteer
      - Muiceoil agus Feoil Éanlaithe – D W Nolan
      - TSE, An Scráibeach & Seachtháirgí Ainmhithe – J Griffen
      - Zóinóisí Tréidliachta, Sláinte & Leas Ainmhithe & Córacha Leighis – P Brangan
      - Saotharlanna Tréidliachta Réigiúnacha – M Gunn
      - VRL Baictéireolaíochta – J Egan
      - VRL Paiteolaíochta – Paul Collery
      - VRL Víreaseolaíochta – P Lenihan
    - **T Teehan**
      Príomh Chigire

      Leas-Phríomhchigire
      D Beehan
      - Réigiúin Déiríochta – D Corcoran
      - Ceanncheathrú agus Saotharlanna Déiríochta – J Doody
      - Deimhniúchán Síolta – Follúntas
      - Beostoc, Mairteoil agus Caoireoil – I Byrne
      - Ábhair Bheatha, Leasúcháin, Gránaigh, Muca & Éanlaith – D Ryan
      - Clárú Lotnaidicídí – M Lynch
      - Iarmhair Lotnaidicídí – D O'Sullivan
      - Tástáil Éagsúlachta Barr – N McGill
      - Gortóireacht & Sláinte Plandaí – M Hickey
      - Taighde, Bia & Comhordú CODEX – T Smith
      - Seirbhís Speisialtóireachta Feirme, Comhshaol & Measúnú – M Sinnott
      - Táirgeadh Barr & Sábháilteacht – J Coleman
    - **S Healy**
      Rúnaí Cúnta
      Sláinte & Leas Ainmhithe
      - ERAD (Riaracháin) – R Healy
      - Sláinte & Leas Ainmhithe – T O'Donnell
      - An Scéim Deimhnithe Mairteola – B Cannon
      - Oibríochtaí Tréidliachta Dúiche – D M Ryan
      - Struchtúir Talmhaíochta – M O'Donovan
      - Cúnamh Ceantair/SBPU – P Evans
      - Íocaíochtaí Cinn/Préimheanna/Cuótaí – A McGarrigal
      - Rialuithe Comhtháite – Follúntas
      - Struchtúir & Comhshaol Talmhaiochta – D Gahan/ O Healy
  - Íocaíochtaí Talmhaíochta
    - **J Fox**
      Rúnaí Cúnta
      Íocaíochtaí Díreacha
      - Rialú Mairteola – T O'Hanlon
      - Infheistíochtaí ar an bhfeirm/ Fóirdheontais & Stóras – M Prendergast
      - Aisíochaíochtaí Onnhairithe – R Dollard
      - An tSeirbhís Foraoiseachta – R O'Flaherty
    - **D Byrne**
      Rúnaí Cúnta
      Tacaíochtaí don Mhargadh
      An tSeirbhís Foraoiseachta
      - Seirbhísí Bainistíochta – L Mulligan
      - Pearsanra – B O'Reilly
      - Sláinte & Sábháilteacht – B McInerney
      - Cóiríocht /ISO – D Carroll
      - Seirbhísí Dlí/Talún – R Plunkett
    - **J Gillespie**
      Rúnaí Cúnta
      Acmhainní Daonna
      - IT- Íocaíochtaí Díreacha (IACS) –
      - IT- Foraoiseacht & Airgeadas – C Philpott
      - IT- Bonneagar – R Butler
      - IT – Ríomhsheirbhísí an Rialtais/ Seirbhísí Lárnacha – S Fitzpatrick
      - IT-Tacaíochtaí Margaidh/ Gluaiseacht Sláinte Ainmhithe – M Bunyan
  - Seirbhísí Corparáideacha
    - **P O'Reilly**
      Rúnaí Cúnta
      Córais Faisnéise
      - Airgeadas – B Gleeson
      - Cuntais – G Mullen
      - Iniúchóireacht Inmheánach – M Flynn
      - Eacnamaíocht & Pleanáil – K Smyth
    - **A O'Driscoll**
      Rúnaí Cúnta
      Córais Airgeadais, Eacnamaíochta & Pleanála

An Oifig Achomhairc – Paul Dillon - Stiúrthóir

Iarscríbhinn 2: Tiomantais an Chláir don Rialtas

Tá an dul chun cinn i ndáil leis na tiomantais atá sa Chlár Rialtais Aontaithe 2002-2007 leagtha amach thíos. Tá na straitéisí iomchuí a alíníonn tosaíochtaí na Roinne seo le tosaíochtaí an Rialtias sonraithe chomh maith.

Tá na tiomantais ar fad sa chlár seo comhlíonta nó is tiomantais leanúnacha iad atá a gcomhlíonadh.

Uimh	Tiomantas	Straiteisí Iomchuí	Stádas & Dul Chun Cinn Go Dtí Seo
1	**Beimid ag brú ar aghaidh le hiarrachtaí Rialtais agus taidhleoireachta chun feabhas a chur ar rochtain ar mhargadh an domhain agus ar oscailt na margaí.**	**1.7**	**TIOMANTAS Á CHOMHLÍONADH:** Táimid ag leanúint den fheachtas ardleibhéil chun rochtain ar mhargadh an domhain a fheabhsú agus a leathnú. I ndáil le mairteoil, d'éirigh go han-mhaith leis an tionscnamh le rochtain idirnáisiúnta a athghlacadh. Tá deireadh curtha le gach srian a bhí ar thrádáil leis an Rúis. Tá margaí na hÉigipte agus na hAilgéire oscailte do Mhairteoil na hÉireann agus tá iarrachtaí ar siúl i gcónaí i ndáil le Stáit na Murascaille. Tá prótacal ar mhuiceoil sínithe le hÚdaráis na Síne.
2	**Leathnóimid réimse an oideachais talmhaíochta, ag súil i gcásanna áirithe go mbeidh talmhaíocht comhcheangailte le slite beatha eile.** **Agus** **Cinnteoimid go mbeidh cúrsaí á seachadadh ar shlí sholúbtha a bheidh oiriúnach do rannpháirtithe, agus bainfear úsáid mhéadaithe as cur chuigí ar nós cúrsaí oíche nó cianfhoghlaim.** **AgusDéanaimid iarracht na coláistí talmhaíochtaí a fhorbairt mar acmhainní níos forleithne d'forbairt na tuaithe.**	**3.5** **1.8** **3.1**	**TIOMANTAIS Á GCOMHLÍONADH:** D'fheidhmigh Teagasc cláir chianfhoghlama ar bhonn píolótach i rith na bliana seo caite agus tá clár ríomh-fhoghlama píolótach á dhéanamh anois. Tá an Gairmtheastas Talmhaíochta á dhéanamh ag roinnt mac léinn agus baintear úsáid as ríomhfhoghlaim mar chuid den modh teagaisc. D'éascaigh TF feabhsaithe soláthar cúrsaí 3ú leibhéal chuig coláistí Talmhaíochta. I 2005, tá sé beartaithe raon na gcúrsaí a chuirtear ar fáil a leathnú chun oiliúint bhia agus gortóireacht a chur san áireamh. **BAINTE AMACH:** Tá coláistí Teagasc agus coláistí príobháideacha á n-úsáid go forleathan ag Seirbhísí Comhairleacha agus Taighde Teagasc, ag gníomhaireachtaí lasmuigh eile agus ag grúpaí pobail áitiúla.
3	**Trí Teagasc, soláthróimid seirbhís thiomanta d'fheirmeoirí páirtaimseartha agus d'fheirmeoirí idirthréimhseacha a chuideoidh leo a gcuid buanna agus a gcuid ama a úsáid go dearfach, agus, nuair is riachtanach, a gcuid ioncam a atreorú trí thraenáil oiriúnach trí Chlár na nDeiseanna.**	**3.5**	**BAINTE AMACH:** Díríonn an Clár 'Pleanála tar éis Fischler' (Clár na nDeiseanna roimhe sin) ar chabhrú le feirmeoirí a bhfeirm agus a gcúinsí teaghlaigh a choigeartú tar éis na díchúplála. Tá Teagasc ag rith cúrsaí oíche agus ar an deireadh seachtaine chun pátrúin oibre na bhfeirmeoirí páirtaimseartha a éascú. Tá an clár trí bliana Gairmtheastas Talmhaíochta á rith ag Teagasc i 11 contae freisin ag amanna a bhíonn oiriúnach d'fheirmeoirí páirtaimseartha. Bíonn os cionn 10,000 feirmeoir fásta rannpháirteach i gcláir oiliúna Teagasc d'feirmeoirí fásta gach bliain agus bíonn an chuid is mó de na cúrsaí sin ann san oíche.
4	**Cuirfimid moltaí an Ghrúpa Chomhairligh ar ról na mBan sa Talmhaíocht i bhfeidhm.**	**3.8**	**TIOMANTAS Á CHOMHLÍONADH:** Tá dul chun cinn suntasach déanta. Tá na moltaí curtha i bhfeidhm a mhéid is indéanta sin.

Uimh	Tiomantas	Straiteisí Iomchuí	Stádas & Dul Chun Cinn Go Dtí Seo
5	**Oibreoimid chun bunphrionsabail an CAP (An Comhbheartas Talmhaíochta) a chosaint in gcaibidlíocht mhéadaithe an AE. De réir mar is gá, tacóimid le bearta mar chúrsaí airgeadais oiriúnacha an AE, chun lánpháirtiú réidh talmhaíochta na dtíortha iarratais ó Lár agus Oirthear na hEorpa a bheidh ag dul isteach san Aontas Eorpach a chinntiú, agus muid ag an am céanna ag ullmhú chun deiseanna an mhargaidh nua a thapú.**	**1.1**	**TIOMANTAS Á CHOMHLÍONADH:** Tharla aontachas 10 mBallstát nua an 1 Bealtaine 2004 agus tugadh an chaibidlíocht aontachais chun críche leis an mBulgáir agus an Rómain gan aon choigeartú a dhéanamh ar phrionsabail bhunúsacha an CAP. Chinn an Chomhairle Eorpach i nDeireadh Fómair 2002 na leithdháiltí buiséid don CAP don 25 tír AE (tacaíochtaí margaidh agus íocaíochtaí díreacha) don tréimhse go dtí 2013. Thángthas ar chomhaontú i Meitheamh 2003 ar Athbhreithniú Lár-Téarma an CAP agus i Lúnasa 2004 ar an gcreat do chomhaontú nua WTO, a gcinnteoidh siad araon go gcosnófar sochair Chomhaontú Chlár Oibre 2000 do phobail talmhaíochta agus tuaithe na hÉireann. Déanfaidh an Roinn monatóireacht dhlúth ar an gcaibidlíocht sa chéad Pheirspictíocht Airgeadais eile agus sa chomhaontú nua WTO, agus beidh sí rannpháirteach inti, lena chinntiú go mbeidh ionadaíocht ar leasanna talmhaíochta na hÉireann agus go gcosnófar na leasanna sin.
6	**Leanfaimid de na caighdeáin sábháilteachta bia is airde a chur chun cinn agus cultúr nuálach, ar ardchaighdéan agus den scoth a chothú sa tionscal bia.**	**2.1-2.0 san áireamh** **1.4-1.8 san áireamh**	**TIOMANTAS Á CHOMHLÍONADH:** A chinntiú go ndéantar bia ag gach stáid den bhiashlabhra a tháirgeadh ag na caighdeáin sábháilteachta is airde is féidir, agus go mbíonn clár forleathan monatóireachta, faire agus iniúchta ann. Bhunaíomar Grúpa Lipéadaithe Bia chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní i measc tomhaltóirí ar lipéadú agus bunadh earraí bia agus a chinntiú, a mhéid is indéanta sin, go bhfuil a chuid moltaí curtha i bhfeidhm. Tá tuarascáil straitéiseach d'fhorbairt an Tionscail Déiríochta foilsithe. Tá tús curtha le sraith gníomhartha, atá dírithe ar fheidhmiú mholtaí Prospectus a chur chun cinn. Chuireamar béim bhreise ar an ngá atá le hearnáil agraibhia níos iomaíche. Maidir leis sin, rinneadh coimisiúnú ar roinnt tuarascálacha: Ceadaíodh 14m breise i Meastacháin 2005 do Bheart an Taighde Insititiúideach Bia agus don Chiste um Spreagadh Taighde. Tá sé sin sa bhreis ar an gcroímhaoiniú taighde a chuireann Teagasc ar fáil. Rinneadh an Bord Glas a chumascadh leis an mBord Bia an 1 Iúil 2004 chun na tionscnaimh forbartha margaidh a chomhdhlúthú tuilleadh.
7	**Leanfaimid le gnímh tríd an AE lena chinntiú go mbíonn na caighdeáin arda chéanna ag baint le bia allmharaithe agus a bhíonn le táirgí baile.**	**2.2**	**TIOMANTAS Á CHOMHLÍONADH:** Tá riachtanais an AE maidir le hallmharaithe bia i bhfeidhm anois agus caithfidh allmharaithe caighdeáin a bhaint amach a bhíonn comhionann le cinn san AE. Coimeádtar ag faire lena chinntiú go goinnítear an seasamh sin nuair a mholtar leasuithe ar rialacháin.

Uimh	Tiomantas	Straiteisí Iomchuí	Stádas & Dul Chun Cinn Go Dtí Seo
8	**Lorgóimid feabhas a chur ar an eolas a bhíonn ar fáil do thomhaltóirí maidir le bunadh an bhia a bhíonn ar díol sa tír seo trí thionscnaimh ar nós lipéad sainiúil glas a thabhairt isteach do bhia na hÉireann.**	**2.3**	**TIOMANTAS CHOMHLÕONADH** Tá an fás leanúnach ar bhallraíocht scéimeanna dearbhaithe cáilíochta á chur chun cinn ag an mBord Bia. Tá dul chun cinn as cuimse déanta i bhfeidhmiú mholtaí an Ghrúpa Lipéadaithe Bia. Maidir le dhá mholadh lárnach an Ghrúpa is é an staid ná go bhfuil forghníomhú na reachtaíochta lipéadaithe bia lárnaithe in Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus go bhfuil rialacháin nua ar bhunadh tugtha isteach do bhia éanlaithe. Tá aghaidh á thabhairt ar bhearna a bhí ann maidir le lipéadú mairteola allmhairithe a bhíonn in úsáid san earnáil bialainne le reachtaíocht phríomhúil.
9	**Spreagfaimid an tionscal bia chun cur le caidrimh fhadtéarmacha i bpríomhmhargaí onnmhairithe le béim láidir ar an bhfás ar tháirgí breisluacha agus Spreagaimid tionscal mairteola na hÉireann, go háirithe chun go mbeidh forbairt mhargaí AE inbhuanaithe mar an tosaíocht is tábhachtaí leis an dá chuspóir, seasmhacht níos fearr a bhaint amach agus an bhearna a laghdú idir praghsanna na hÉireann agus na hEorpa. Is é an tslí chun é sin a bhaint amach ná slabhra soláthair lánpháirtithe a thógáil trí shocruithe comhpháirtíochta idir táirgeoirí, próiseálaithe agus miondíoltóirí, bunaithe ar an Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola agus scéimeanna cáilíochta tionscail i gcur chun cinn táirgí.**	**1.3** **1.4** **1.5** **1.7**	**TIOMANTAS Á CHOMHLÍONADH** Tá an Bord Bia ina cheann feadhain ar threallús chun páirt níos mó a bheith aige sna margaí breisluacha is airde san AE ar bhonn téarma níos faide. Tá fás tagtha ar luach onnmhairithe agraibhia agus agraidheochanna na hÉireann chuig an AE le blianta beaga anuas agus bhí luach 5,230m nó 77% de na honnmhairithe iomlána ann i 2003 agus bhí luach na n-onnmhairithe chuig tíortha eile ag 1598.6m nó 23% den iomlán. I rith na 1990idí, d'onnmharaigh an tionscal mairteola thart ar 50% de na táirgí chuig margaí neamh-AE. I 2003, thit an scair sin go dtí 17% (i dtoirt) agus d'ardaigh an scair chuig na margaí AE le praghasanna arda go comhréireach. Leanann praghsanna eallaigh na hÉireann de bheith láidir agus tá an bhearna idir praghsanna táirgeoirí na hÉireann agus iad sin san AE ag laghdú. Tá fás as cuimse le feiceáil san earnáil bia ullmhaithe do thomhaltóirí agus mhéadaigh na díolacháin iomlána ó 0.949 billiún go dtí 2.63 billiún idir 1993 agus 2002. Meastar gur mhéadaigh onnmhairithe amháin 9% i 2004 ag sroicheadh 1.59 billiún, agus ba chuig an Ríocht Aontaithe a chuaigh beagnach 600 milliún..

Uimh	Tiomantas	Straiteisí Iomchuí	Stádas & Dul Chun Cinn Go Dtí Seo
10	**Cuirfimid caomhnú an chomhshaoil chun cinn trí dhea-chleachtas feirmeoireachta le tacaíocht ó dheontais agus ó dhreasachtaí cánach speisialta chun cuidiú le hinfheistíocht ar an bhfeirm agus bainistiú dramhaíola cúramach. Déanfaimid iarracht a chinntú go mbíonn tacaíochtaí ar fáil do gach feirmeoir.**	**3.6**	**BAINTE AMACH:** Tháinig an Scéim Bainistithe Cothaithe Feirme nua i bhfeidhm in Eanáir 2004. Cuireadh maoiniú de 39 milliún ar fáil don Scéim i 2005, mar aon le €4 mhilliún don Scéim Sláinteachais Déiríochta. Rinneadh athnuachan ar feadh trí bliana eile go dtí 31 Nollaig 2006 ar ráta luathaithe liúntais caipitil d'infheistíocht i saoráidí rialála truaillithe.
11	**Cothóimid tuath glan agus tarraingteach le hardchaigheán saoil ar féidir le gach duine taitneamh agus sásamh a bhaint as. Déanaimid iarracht mar chuid den pholasaí sin an scéim REPS a dhéanamh níos tarraingtí.**	**3.6** **3.5**	**BAINTE AMACH:** Tugadh isteach REPS athbhreithnithe an 1 Meitheamh 2004 agus forálann sé do rátaí méadaithe íocaíochta mar atá comhaontaithe in Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn. Faoin Scéim fheabhsaithe sin, gheobhaidh feirmeoirí meánardú de 28% in íocaíochtaí. Rinneadh soláthar de 271m i Meastacháin 2005, i gcomparáid le 208m i 2004. Cuirfidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia glacadh méadaithe na Scéime athbhreithnithe chun cinn.
12	**Feabhsóimid comhoibriú le hÚdaráis Thuaisceart Éireann chun oileán na hÉireann a choinneáil saor ó ghalair.**	**1.9**	**TIOMANTAS Á CHOMHLÍONADH** Leanfar ag reáchtáil cruinnithe rialta ag leibhéil Aireachta agus oifigiúla chun ailíniú polasaithe agus socruithe cosanta a chur chun cinn agus ag cur leis an taithí luachmhar a fuarthas le linn géirchéim an ghalair Crúb agus Béil i 2001.
13	**Cuirfimid an ghortóireacht chun cinn, trí thacú le táirgíocht táirgí ar shlí a oireann don chomhshaol agus a mbíonn margaíocht déanta orthu chuig ardchaighdeáin aonfhoirmeacha.**	**1.4** **3.6**	**TIOMANTAS Á CHOMHLÍONADH** Chruthaigh cónascadh an Bhoird Ghlais leis an mBord Bia an 1 Iúil sinéirgí agus deiseanna nua chun gortóireacht a chur chun cinn. Tá Clár Cáilíochta an Bhord Bia leathnaithe chuig gach earnáil, bia agus neamhbhia araon. Is é an Clár Cáilíochta caighdeán an tionscail anois. Tabharfaidh feidhmiú mholtaí an Tascfhórsa Muisiriún (foilsithe Bealtaine 2004) deis iomaíochta don tionscal muisiriún. A chinntiú go bhfuil inriantacht iomlán 'ón bhfeirm go dtí an forc' ann do phrátaí, tá an tAcht um Chlárú Fásóirí Prátaí agus Pacálaithe Prátaí leasaithe (Bealtaine 2004)
14	**Déanaimid tuilleadh forbartha ar an earnáil orgánach trí ardú ag an leibhéal táirgíochta agus lipéad náisiúnta amháin a fhorbairt chun buntáiste a bhaint as íomhá 'glan glas' thalmhaíocht na hÉireann agus an tóir bhreise a bhíonn ar bhia orgánach.**	**3.6**	**TIOMANTAS Á CHOMHLÍONADH** Rinneadh an Plean Gníomhaíochta Orgánach in Aibreán 2002 agus go dtí seo tá gach ceann de na príomhmholtaí curtha i bhfeidhm.

Uimh	Tiomantas	Straiteisí Iomchuí	Stádas & Dul Chun Cinn Go Dtí Seo
15	**Socróimid cáilíocht na seirbhíse, lena n-áirítear seachadadh éifeachtúil agus tráthúil íocaíochtaí, mar chuid lárnach de gach tosaíocht oibríochtúil.**	**4.1**	**TIOMANTAS Á CHOMHLÍONADH** Tá ár dteist i ndáil le seachadadh tráthúil íocaíochtaí díreacha inchomparáideach leis na cinn is fearr i mBallstáit AE eile. Tar éis próiseas comhchomhairle ar gach gné d'idirghníomhú na Roinne lena custaiméirí, foilsíodh Plean Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaiméirí nua (2005-07) chomh maith le Cairt Chustaiméirí.
16	**Tabharfaimid aird phráinneach ar an bpoitéinseal dreasachtaí cánach a fháil do léasú fad-téarmach talún mar shlí chun cur le soláthar talún a bhíonn ar fáil d'fheirmeoirí óga.**	**3.1**	**BAINTE AMACH:** Leathnaigh an tAcht Airgeadais 2004 díolúine cánach ó ioncam cíosa do thalamh a bhíonn ar léas ar bhonn fad-téarmach. Laghdaíodh teorainn aoise d'fheirmeoirí incháilithe don fhaoiseamh ó 55 bliain go dtí 40 bliain agus ardaíodh na rátaí díolúine ioncaim freisin ó: ■ €7,618.43 go dtí 10,000 do léasanna 7 mbliana nó os a chionn; agus ó ■ €5,079 go dtí 7,500 do léasanna cúig go dtí seacht mbliana.s. Cuideoidh na leasuithe sin le feabhas a chur ar ghluaiseacht teideal talún, ag éascú pleanáil fad-téarmach agus úsáid talún níos fearr ag feirmeoirí a mbeadh an seans ann go mbeadh orthu táirgeadh a mhéadú ag costas réasúnach, go háirithe i gcomhthéacs íocaíochtaí tacaíochta díchúplála.
17	**Aontóimid sraith moltaí le heagraíochtaí feirmeoireachta a bheidh deartha chun dul i ngleic le maorlathais agus déanfaimid argóint láidir chun go nglacfar leo ag an leibhéal AE.**	**4.1**	**TIOMANTAS Á CHOMHLÍONADH:** Tá dul chun cinn mór déanta sa réimse seo le húsáid níos mó I agus, éascóidh teacht isteach an chórais íocaíochtaí aonair go mór simpliú a dhéanamh ar nósanna imeachta iarratas agus próiseála.
18	**Imscrúdóimid, i gcomhar leis an gCoimisiún, an bhféadfaí rangú cheantair faoi mhíbhuntaiste a shíneadh chuig an Réigiún BMW iomlán.**	**1.1** **3.1**	**TIOMANTAS Á CHOMHLÍONADH** Tá athrangú Mhuineacháin mar cheantar Faoi Bhac Níos Tromchúisí comhaontaithe. Breithneofar an cás chun Réigiún an BMW a leathnú i bhfianaise thoradh Rialachán Forbartha Tuaithe an AE.
19	**Oibreoimid chun cur leis na leibhéil curadóireachta foraoisí go dtí 20,000 heicteár sa bhliain.**		**TIOMANTAS Á CHOMHLÍONADH** Foráiltear do mhéaduithe suntasacha ar fhoraoiseacht i Meastacháin 2004 agus 2005. Do 2005 tá foráil déanta do leithdháileadh de 124 milliún a chuirfidh tacaíocht ar fáil d'os cionn 15,000 ha de phlandáil. Tá toradh an-dearfach faighte againn don fhoraoiseacht i ndáil leis an Teideal d'Íocaíocht Aonair. Beidh cead i gcónaí ag feirmeoirí a bhfuil cuid dá ngabháltas curtha acu, nó a chuirfidh cuid dá ngabháltas, láníocaíocht a fháil faoin Scéim Íocaíochta Aonair. Tíolacadh Tuarascáil Bacon ar Straitéis Forbartha Foraoiseachta na hÉireann don Aire an 23ú Meán Fómhair. Beidh an tuarascáil seo, arna mheas i bhfianaise fhorálacha na gcaibidlíochta reatha ar na Rialacháin Forbartha Tuaithe nua, mar fhaisnéis don straitéis foraoiseachta amach anseo.

Iarscríbhinn 2: Liosta De Ghiorrúcháin

AD	Galar Aujeszky
AHCS	An Córas Ríomhaireachta do Shláinte Ainmhithe
AIMS	Córas Aitheantais & Gluaiseachtaí Ainmhithe
BMW	Na Réigiúin Teorann, Lár-Tíre agus Iarthair
BSE	Einceifileapaite Spúinseach Bólachta
C&AG	An tArd-Reachtaire Cunas agus Ciste
CAP	An Comhbheartas Talmhaíochta
CION	An Coimisiún
CMOD	An Lárionad Forbartha um Bainistíocht agus Eagrúchán
CMMS	An Córas Monatóireachta Gluaiseachta Eallaigh
CODEX	Eagraíocht Codex Alimentarius
COREPER	Coiste na nIonadaithe Buana
CSAP	An Plean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméirí
CSD	An Coimisiún ar Fhorbairt Inbhuanaithe
CSO	An Phríomh-Oifig Staidrimh
D/AF	An Roinn Talmhaíochta agus Bia
DARDNI	Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe Thuaisceart Éireann
D/CMNR	An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha
D/CRGA	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
D/ELG	An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil
D/EFRA	An Roinn Gnóthaí Comhshaoil, Bia agus Tuaithe
D/ETE	An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
D/FA	An Roinn Gnóthaí Eachtracha
D/JELR	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
D/H&C	An Roinn Sláinte agus Leanaí
D/S&FA	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
EAGGF	An Ciste Eorpach um Ráthaíocht agus Treoracha Talmhaíochta
EBL	Leocóis Eansótach Bhuabhach
EPA	An Ghníomhaireacht um Chosaint an Chomhshaoil
EPPO	Eagraíocht Chosanta Plandaí na hEorpa agus na Meánmhara
EFSA	Gníomhaireacht Sábháilteachta Bia na hEorpa
AE	An tAontas Eorpach
FACC	Comhairle Comhoibríochta na Gníomhaireachta Bia
FAO	An Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta
FAPRI	An Institiuid um Thaighde ar Bheartas Bia agus Talmhaíochta
FEOGA	Fonds Européen d'Orientation et Garantie Agricole
FFI	Ioncam Fheirm Teaghlaigh
FSAI	Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
FSPB	An Bord um Chur chun Cinn Sábháilteachta Bia
FOI	Saoráil Faisnéise
FVO	An Eagraíocht Bia agus Tréidliachta
GDP	An Olltáirgeacht Intíre
GNP	An Olltáirgeacht Náisiúnta
GSM	An Córas Domhanda do Chumarsáid Mhóibíleach
GVA	Oll-Luach Breise
HACCP	Pointí Rialaithe Criticiúla agus Anailíse Guaise
HRM	Bainistiú Acmhainní Daonna
HAS	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
ICBF	Cónaidhm Tógála Eallaigh na hÉireann
ICT	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
ICSEM	Coiste Idir-Rannach ar Bhainistíocht Slán agus Éifeachtachta
iFORIS	Córas Faisnéise Comhtháite Foraoiseachta
IHA	Údarás Rásaíocht Capall na hÉireann

IMAP	An Córas Mapála Idirlín agus Íocaíochta
IPPC	An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chosaint Plandaí
ISD	An Rannán Chórais Faisnéise
ISO	Eagraíocht na gCaighdeán Idirnáisiúnta
IT	Teicneolaíocht Faisnéise
ITTO	An Eagraíocht Idirnáisiúnta d'Adhmad Tropaiceach
JPO	Oifigeach Gairmiúil Sóisearach
MAC	Coiste Comhairleach Bainistíochta (An Roinn Talmhaíochta agus Bia)
MCPFE	Comhdháil Aireachta ar Chosaint Foraoisí san Eoraip
MIF	Creat Faisnéise Bainisteoireachta
MSD	An Rannán Seirbhísí Bainsteoireachta
MTR	Athbhreithniú Lár-Téarma
NAPS	An Straitéis Náisiúnta Frith-Bhochtaine
NCSSB	Comhlacht Stát-Tionscanta Neamhthráchtála
NDP	An Plean Forbartha Náisiúnta
NESC	An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach
NFS	An Suirbhé Náisiúnta Feirmeacha
NGO	Eagraíocht Neamhrialtasach
NI	Tuaisceart Éireann
NMPs	Pleananna Bainistíochta Cothaitheach
NPWS	
NSMC	An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas
NTMA	Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
OECD	An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta
OIE	Organisation Internationale des Epizooties
OLAF	Oifig Frith-Chalaoise an Choimisiúin
OPW	Oifig na nOibreacha Poiblí
PAC	An Coiste um Chuntais Phoiblí
PMDS	Córas Bainsitíochta agus Forbartha Feidhmiúcháin
PPF	An Clár um Rathúnas agus Cothroime
PRRS	Siondróm Atáirgthe Riospráide Mucaí
PSMA	An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí
QCS	Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí
RAB	Leithdháileadh Achmhainní agus Pleanáil Ghnó
REACH	Gníomhaireacht Tras-Rannach chun Bróicéir Seirbhísí Poiblí a fháil
REPS	An Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe
SFP	Íocaíocht Feirme Aonair
S&E	Na Réigiúin Deiscirt agus Oirthir
SISP	Plean na gCóras Faisnéise Straitéisí
SMI	An Tionscnamh um Bainistíocht Straitéiseach
SPS	An Scéim Íocaíochtaí Aonair
STAR	Clibeáil Chaorach agus Clárú Ainmhithe
SMS	Seirbhísí Gearrtheachtaireachtaí
TSE	Einceifileapaite Spúinseach Inaistrithe
NA	Na Náisiúin Aontaithe
UNECE	Coimisiún Eacnamaíoch na Náisiún Aontaithe don Eoraip
UNFF	Fóram na Náisiún Aontaithe ar Fhoraoiseacha
USDA	Roinn Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe
WFP	An Clár Domhanda Bia
WTO	An Eagraíocht Dhomhanda Trádála

Annex 4: MAC MEMBERS

Bart Brady
Rúnaí Cúnta

Denis Byrne
Rúnaí Cúnta

Jim Beecher
Rúnaí Cúnta

John Fox
Rúnaí Cúnta

John Gillespie
Rúnaí Cúnta



Philip O'Reilly
Rúnaí Cúnta

Seamus Healy
Rúnaí Cúnta

Martin Heraghty
Rúnaí Cúnta

Aidan O'Driscoll
Rúnaí Cúnta

Tom Teehan
Príomh Chigire

Paddy Rogan
Príomhoifigeach Tréidliachta